



CUISLE

EAGRAN 11

MEÁN FÓMHAIR 1999

£1.90

Win a Week
for Four
in France!

Seán Óg: Fear an dá bhua?

Éire - Welcome to the Death Industry

Pól Ó Foighil • Cromwell • Coláistí na gCosa Lofa
Ceathrú Thaidhg • Pléaráca Chonamara

ISSN 1393-7243



9 771393 724019



Muintearas

Clár Fostaíochta Pobail Cúram Leanaí Mhuintearais

Urraithe ag F.Á.S i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta



Ag cur na seirbhísí seo a leanas ar fáil
Crèche/Nailann Pobail
Cúntóirí Ranga i gCeantar Chonamara
Cúntóirí Speisialta Oideachais



Cúntóirí Forbairt Ábhar Curaclam do Mhúinteoirí Tacaíochta Feabhais

Traenáil chuimsitheach le cáilíochta aitheanta do Rannpháirtithe na scéime ar mhaithe le forbairt soláthar tacaíochta cúram leanaí agus oideachais, sa Gaeltacht.

Tá an scéim seo á reachtáil i gcomhar le heagraíochtaí Stáit agus áitiúla atá gníomhach sna réimsí thuasluaite.

Muintearas, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-551145/551412 Facs: 091-551277
Ríomhphost: muintearas@iol.ie Leathanach baile: <http://homepages.iol.ie/~muintear>



Teanga agus Cultúr na hÉireann

CÚRSAÍ GAELGE DO DHAOINE FÁSTA
Tosaítheoirí - Meán - Ard Leibhéal

Comhghairdeas
le Cuisle

OIDEAS GAEL,
Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall.
Fón: 073-30248 Fax: 073-30348
email: oidsgael@iol.ie www.oideas-gael.com

'Aitheanta ag An Roinn Oideachais do Mhúinteoirí Bunscoile'

102
FM
Raidió na Life

**D'fhéadfadh liathróidín
an cheoil tuirlingt
in aon áit;
imir 'Roulette' le
Ian Ó Caoimh
idir 9.00 agus 10.30
gach Céadaoin**



lá breithe chuisle

- tá muid bliain ar an saol!

happy birthday



San eagrán seo

CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Diarmuid Johnson

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Bainisteoir Fógraíochta:

Veronica Ní Ghríofa

Dearadh:

Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clóchur:

Kilkenny People


Grianghraf clúdaigh:

INPHO

Scribhneoirí:

Roibeárd Ó hEartnáin, Donncha Ó hÉallaithe, Richie Byrne, Diarmuid Johnson, John Hughes, Colm de Bhaldráithe, Cathal Ó Cuaig, Aoife de Paor, Maolmhaoldhóg Ó Ruairc, Uinsionn Mac Dubhghaill, Seán Ua Cearnaigh, Antaine Ó Fearacháin, Des Johnson, Caitlín Uí Anluain, Pádraig Ó Flaithearta.

Tá cuid den mheitheal scríbhneoirí ar saoire an mhí seo



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.



Peil agus iomáint, tá An Dá Bhua ag Seán Óg Ó hAilpín.

Ach an mbeidh an dá bhua ag Corcaigh? Seans, arsa Aoife de Paor. 24



Éire: Welcome to the Death Industry
Téann Uinsionn Mac Dubhghaill go domhain sa scéal. 26



At sea? Read our English summaries and sidebars wherever you find this symbol.



EADRAINN
Muilte Gaoithe Inis Meáin le Donncha Ó hÉallaithe;

Eagarfhocal - 'there is little academics can do about the future. . . .' arsa Ruairí Ó hUiginn. 4-9



Glór Cheathrú Thaidhg Shiúil John Hughes
Gaeltacht Iorrais: céard atá i ndán don phobal ann? 10



Cúla4, Draíocht, agus Focal Scoir. 22



Saoire in Aisce sa bhFrainc.
A free continental holiday for Cuisle's subscribers. 20



AN FHUINNEOG
Where is Europe? Oliver Cromwell, and Smelly Feet in Summer Colleges. 30-35



Is your child off to school for the first time?
Tá lá breithe Rua ann, ach cén aois é? 37

Mar a bhíonn:

- Líonta Liombó le Cathal Ó Cuaig
- An Béal Beo le hAntaine Ó Faracháin
- Ó na Bronx go Brooklyn le Des Johnson
- Cáirtáí Poist ón Ind le Colm de Bhaldráithe

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a éilíonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

CUISLE AR AN IDIRLIÓN

<http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

Straitéis Nua Phleanála do Ghaeltachtaí Chiarraí?

TAR ÉIS chonspóid fhíochmhar fé fhorbairt stráca talún i bhFionn Trá ó 1968 i leith agus cúrsaí pleanála ina chíríib ann ó shin, tá Comhairle Chontae Chiarraí ag casadh ar straitéis úr phleanála. Is é seo an chéad uair don Chomhairle plean forbartha fé leith a ullmhú ar bhonn paróiste i gCiarraí, plean atá bunaithe ar oiriúint na forbartha agus ar thairimí an phobail.

Tá treoirínite á n-ullmhú ag Kieran Rushe, ailtire



Searc Mo Chléibh

ÉIST LE glór milis, mealltach Finola Uí Shiochrú, agus is baolach duit searc do chléibhe a thabhairt dó. I mBaile Átha Cliath a tógadh Finola, ach ba Dhuibhneach ina crof istigh í. "Chaitheamar gach aon samhradh i gCeann Trá, an áit ar saolaíodh m'athair," ar sí, "agus chuas chun cónaí ann sna hochtóidí ar feadh roinnt blianta. Glór Muimhneach is ea glór Finola, agus is saibhrede traidisiún na Mumhan an ceirnín seo léi. I measc na n-amhrán: An Goirtín Eornan; Beir Beannacht ó Rí na hAoine, agus Réidhchnoc Mná duibhe. Steve Cooney a léirigh.



agus pleanálaí na Comhairle, rud a aithneoidh tithe atá oiriúnach don cheantar, méid, saghas agus suíomhanna na forbartha, chomh maith le tógáil feadh an bhóthair nó *ribbon-development* a sheachaint.

Nocht muintir na háite a dtuairimí go láidir ag cruinniú poiblí sa Daingean le deireanas nuair a bhí tithe saoire, forbairt talún, forbairt cois trá agus cosaint na Gaelainne ag déanamh tinnis dóibh. Cuireadh 100

aighneas? aighneachtaí go dtí an Chomhairle leis. Ní fios cén tionchar a bheidh ag an bpobal ar an bpróiseas ach, cheana féin, tá an Chomhairle ag lorg treoracha ó eagraisí Stáit, Údarás na Gaeltachta mar shampla, ar shlite leis an nGaelainn a chosaint. "Tá sé furasta an fhadhb a aithint ach is deacair í a leigheas," arsa Rushe.

I 1968 d'athraigh an Chomhairle stádas phíosa talún cois trá i bparóiste

Fionn Trá, Corca Dhuibhne, agus thugadar cead pleanála d'óstán agus 100 tigh saoire ann. Go gairid ina dhiaidh sin cuireadh an talamh ar ais faoin stádas glas. Sna nóchaidí tháinig athrú meoin eile ar an Chomhairle nuair a tugadh cead pleanála d'óstán, clubtheach, ionad spóirt agus 58 tigh — cead a chuir an Bord Pleanála ar ceal tar éis éisteacht phoiblí i Mí Márta 1998.

Dhein Ventry Holdings iarratas eile ó shin do 21 tigh saoire, iarratas a tharraingíodar siar ar an 5ú Márta agus 102 agóid neamhspleách ina n-aghaidh.

Tá dréacht-phlean le hullmhú don 10ú Meán Fómhair, ach ó tharla grúpaí áitiúla ag lorg stádais ghlais don stráca, agus Ventry Holdings ag faire ar dheiseanna cúitimh, beidh sé suimiúil féachaint conas mar a thagann an Chomhairle as an gcrúachás seo.

Roibeard Ó hEartáin



Rosemary Carr Tigh Khenny i nGaillimh

BÉIDH SAOTHAR Rosemary Carr le leiceail Tigh Khenny i nGaillimh ón 24ú Meán Fómhair amach. Is de bhunadh Sasanach Rosemary agus seal caite aici in Ely agus Northumberland.

'Connemara has eaten into my soul,' a deir sí. 'There is a timelessness, the mood and season are constantly changing.'

Cuireadh oiliúint ar Rosemary Carr sa Birmingham School of Art.

Tá sí ina cónaí i gConamara anois.

Féile an Phléaráca – buail cois air!

FÉILE AN PHLÉARÁCA – Rogha Imeachtaí

BEIDH FÉILÍ Phléaráca ar s gConamara ó – 19ú den mh seo. Thuas se thíos seal is stair d'eagrú na Féile le bliain nó dhó anuas, agus an meitheal beag céanna a iompar an ualaigh. I mbl is fear óg as E Átha Claith a an seas tosaig é Turlough O'Connor. Tá Turlough i gConamara ó 1994. "Bhí m teacht anseo l mbliana roimhe sin," arsa Turlough, "agus bhí fonn orm athrú ó Bhaile Átha Cliath." Chuir *Cuisle* ceist ar Thurlough an gceapann sé



muintir Chonamara a bheith an-pháirteach i bhFéile an Phléaráca. "Is l na daoine ceannann ma a bhíonn á heagrú ó ain go bliain," ar sé. "Ní gann daoine nua isteach. bheagán." Sileann sé h go mbíonn freastal th ar na himeachtaí. Tá ceisteanna eile ann – todhchaí: "Déarfainn go irfidh an Fhéile. Tá na oine a bhíonn ag obair i thar a bheith láidir." Is cúrsaí airgid: "Féile súnta beag í. Níl an gead ann le leithéidí e 2000 nó an Clifden s Festival a chur ar bun. an Fhéile scaipthe ar fud namara, agus cuireann in brú ar an gcoiste. Sin difriúla faoi Phléaráca.

Níl sé dírithe ar cheantar amháin. Is féidir a dhul thar fóir leis na féilte móra. Ní bhíonn an t-atmaisféar mar a chéile ar chor ar bith."



Dé Luain 13ú
Oíche na nDamhsóirí le Ríonach Ní Néill, Seosamh Ó Neachtain, Róisín Ní Mhainín i dTeach an Daingin.
Dé Máirt 14ú
Oíche Cheoil le PJ Ó hIarnáin in Óstán Charna.
Dé Céadaoin
Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós Tigh Sé
Déardaoin 15ú
Oíche Fhilíochta i dTeach na Scribe
Dé hAoine 16ú
Céilí sa bPoitín Stil
Dé Sathairn
Rásaí na gCurach
Dé Domhnaigh
Lá Spóirt, Camus
I rith na Féile, beidh **Ealaín ar Chriathrach** i mBaile na hAbhann, taispeántas ealaíne le **Darach Ó Scolaí** sa Damhlann sa Spidéal, agus **iris an Phléaráca** le léamh.

CEATHARLACH LE GAELIGE

Tá CEATHARLACH LE GAELIGE i gcomhair le BORD NA GAELIGE ag reachtáil

ARD-CHÚRSA GAELIGE

i gCOLÁISTE PHÁDRAIG, CEATHARLACH

- Cúrsa bliana ag tosú ar an 29ú Meán Fomhair 1999
- Cúrsa do dhaoine fásta a chlúdaíonn litríocht, teanga agus iriseoireacht na Gaeilge.
- Léachtaí gach Céadaoin ó 8.00 - 10.15 i.n.
- Cáilíocht Ardteiste riachtanach
- Táille bliana £120.00
- Teastas A.C.C.S. (N.C.E.A.)

Sonraí agus Eolas: Teil: (0503) 31114 Faics: (0503) 40258
nó scríobh chuig:
An Rúnaí,
Ard-Chúrsa Gaeilge,
Coláiste Phádraig,
Ceatharlach.

Foirmeacha iarrtais comhlánaithe roimh 10ú Meán Fomhair, 1999.

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig: An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



NATO

Roger Cole,
Feargus Mac Aogáin
Peace and Neutrality
Alliance (PANA)
An Charraig Dhubh,
Co Átha Cliath

A chara,
The Peace and Neutrality Alliance campaigned against Irish membership of the Partnership for Peace, and we welcomed the 1997 Election Manifesto of the Fianna Fáil Party which opposed Ireland's membership of PpP. Fianna Fáil's democratic mandate was not to join the PpP.

However, the Fianna Fáil/PD government has done a U-turn and now states that it will join this autumn. PANA was one of the first organisations to seek a real debate on the PpP and a referendum. We call upon the government to set a date for a referendum which it is entitled to do under the

Constitution. This will allow the people to decide.

We call upon the media to allow a debate. We have therefore published an updated document which we believe puts a decisive case against Ireland's membership of PpP. We will be distributing it to political, religious, trade-union and business leaders throughout the country.

By joining the PpP the Irish government wish to give a clear signal that it intends to join NATO in due course. It also shows its commitment to the gradual transformation of the EU into a federal, nuclear-armed superstate, with its own European army. This process has been accelerated as a consequence of the agreement to the creation of a European Defence Identity in the Cologne summit.

PANA believes that the Irish people do not support this objective. The government should agree to hold a referendum before making any decision to join the PpP.

Yours etc.

Kerala

Pádraig Ó Maolchraoibhe
Béal Feirste

A chara,
Iris breá soléite atá i gCuisle; cá mhéad cóip a dhíolann sibh? Tá cuid mhaith Gaeilgeoirí níos fearr ag gearán faoi na rudaí nach bhfuil ar fáil dóibh ná mar atá siad ag tabhairt tacaíochta do na rudaí atá ann.

Is maith liom féin altanna taistil. Thaitin 'Cártaí Poist ón Ind' liom agus tá mé ag tnúth le níos mó. Cúpla pointe: b'fhéidir gur 'mionteanga' í Malayalam i gcomparáid leis an Hiondúis, ach labhrann 35 milliún í.

Caitim amhras ar an teoiric gur ón Afraic a tháinig muintir dhúchasach Kherala, is cuma cad é an dath atá orthu. Ní teanga Afraiceach atá acu ar aon nós ach teanga Dhraibhideach, grúpa teangacha a chlédaigh cuid mhaith den Ind nuair a bhog na hIndeoirpaigh isteach thart

fá 3000 bliain ó shin.

Beir bua srl.

Bréantrá

Aodán Ó Laoire

A chara,
Maidir leis an cheist 'Cén Ghaeilge atá ar Bantry?' (Meitheamh), Beantraí an freagra ar ndóigh. Bréantrá an Ghaeilge ar Union Hall atá gar do Glandore (Cuan Dor) in Iarthar Chorcaí. Bhris ceann de cheithre mhórhthonn na Fiannaíochta sa bhá seo, tonn Chliodhna. Ach tugadh Bréantrá ar an áit toisc gur troideadh cath mór Fiannaíochta ann. Bhí an trá bréan le boladh na fola a doirteadh agus le boladh na gcorpán.

Is mise srl.

Iomrascáil na Scoláirí Cois Laoi

Tionóladh an 11ú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach i gCorcaigh deireadh mhí Iúil. Ba iad na hOllúna Máire Herbert, Seán Ó Coileáin agus Pádraig Ó Riain uachtaráin na comhdhála. Ach oiread leis na cluichí oilimpeacha, is uair sna ceithre bliana a bhíonn tionól lucht na Ceiltise ann. Ba iomaí dias trom i mbliana ann, é ina iomrascáil, agus feoil ar an gcnámh spairne go minic.

Cois Laoi an uair seo bhí taighdeoirí as Meiriceá agus as an tSeapáin, Iosrael agus an Rúis, An Ghearmáin agus an Spáinn chomh maith le scoláirí na dtíortha Ceilteacha. Tugadh os cionn dhá chéad léacht i rith na seachtaine. Ar na rudaí spéisiúla a dúradh bhí: "if one follows your argument, Tolstoy was a woman"; "linguists agreed



'Ba iomaí dias trom ann, é ina iomrascáil, agus feoil ar an gcnámh spairne go minic.'

there is no such thing as a word"; agus "the process of simplification was a complex one".

I measc na léachtaí ar Ghaeilge na

linne seo bhí: 'The Pidginisation and Anglicisation of the Irish Language: The Pretence and the Linguistic Reality' le Roibeárd Ó hUrdail; 'Implementing Political Agreement in Northern Ireland: Conflict Resolution and Irish Language Policy' le Diarmaid Mac Giolla Chríost, agus 'On Proposing Provincial Variants Within Standard Irish For The Verb' le Art J Hughes.

Le linn na comhdhála, foilsíodh *Ildánach, Ildéreach*, féilscríbhinn in onóir don Ollamh Proinsias Mac Cana. Bhronn an/Dr Garrett Fitzgerald céimeanna oinigh ar cheathrar thar ceann Ollscoil na hÉireann: John V. Kelleher, Gearóid Mac Eoin, Brian Ó Cuív agus Karl Horst Schmidt.

Ba ráfla gur i Harvard Mheiriceá a bheadh comhdháil na bliana 2003, ach fógraíodh i ndeireadh na dála gur le Aberystwyth na Breataine Bige an phribhléid agus an dúshlán sin.

EAGARFHOCAL

Cuisle, An tEasát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.
 Teil: 091 572077. Facs: 091 572 076. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

'Whatever of the Future of the Celtic languages, there is little academics can do about it.'

—An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

IS GO LEATHFHANACH i ndeireadh oráide ag an 11ú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach mí Iúil seo caite a dúirt Ruairí Ó hUiginn, ollamh le Nua-Ghaeilge i Magh Nuad, gur beag is féidir le lucht léinn a dhéanamh faoina bhfuil i ndán do na teangacha Ceilteacha.

Is mór a thugann sin le fios. Agus más fíor an focal, is mithid ceisteanna eile a chur. An bhfuil glacadh mór leis an dearcadh seo? Cá fhaid i réim é? Cén cruthúnas gur beag is féidir a dhéanamh?

Tá ceisteanna tromchúiseacha eile ann. Cé air a bhfuil dualgas láimh a chur i mbuanú na Gaeilge? Cén scoilt atá idir lucht saothraithe agus lucht labhartha na Gaeilge? An bhféadfadh lucht léinn tionchar a imirt ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge ach a gcuid oibre a chur i bhfeiliúint don sprioc sin?

Céard is dóigh libhse, a ollúna le Gaeilge i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i gCúil Raithin, i nGaillimh, i gCorcaigh? Ba mhór le saol na Gaeilge bhuir dtuairim a chlos.


Is dóigh le *Cuisle* go bhfuil teora leis an méid is féidir le lucht léinn a dhéanamh faoi thodhchaí na Gaeilge. Is dóigh linn nach iad slánú agus buanú na Gaeilge príomhchúram an léinn. Más mian le muintir na Gaeltachta a dteanga dhúchais a chaitheamh i

dtraipisí faoi mar a rinne an tír ar fad rompu, is dóigh linn gur leo féin an rogha sin.

Ach ní dóigh go bhfuil an léann glan air sin. Tagann óige na Gaeltachta chun na gcoláistí gach bliain. Bíonn tionchar ag lucht léinn orthu tríd an teagasc agus tríd an oiliúint. Spreagtar iad. Is de bhunchuspóirí an oideachais an spreagadh sin. Is de bhunchuspóirí an oideachais an óige a spreagadh ionas go bhfágfaidh sí a lorg féin ar an saol.

Ach b'fhéidir gur gá na céimithe a spreagadh le fillleadh ar a bpobal féin, agus ar phobal na Gaeltachta. Is minic céim ollscoile ina céim ón bpobal amach, agus is fada céim sa nGaeilge ina céim ó phobal na Gaeltachta amach. Cén chaoi ar féidir le pobal na Gaeltachta athghabháil a dhéanamh ar a gcuid céimithe ionas go mbeidh tionchar ag an léann ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge? Cén chaoi ar féidir le lucht léinn an athghabháil seo a bhrostú? Cén chaoi ar féidir dúchas agus oiliúint a nascadh?

'Whatever of the Future of the Celtic languages, there is little academics can do about it.' Is i gCorcaigh a dúradh sin, contae nach bhfuil de Gaeltacht ann feasta ach leithead do bhoise, contae na héigse, contae na haislinge. Céard í aisling na linne seo?



Muilte Gaoithe Inis Meáin

Amharc soir ar Inis Meáin, as Árainn, áit a mbíodh cloigtheackadó (féach 'Windmills and Round Towers' thall)

Tá easaontas faoi thogra gaoithe in Inis Meáin ag cur dinge idir na daoine ar mór leo leas an oileáin. Ar thriúr díobh siúd, tá Pól Ó Foighil, fear an togra, Tim Robinson, fear na timpeallachta, agus Tarlach de Blácam, fear an Chomharchumainn. Deir go leor go bhfuil beatha an oileáin i mbaol, agus gan daonra dhá chéad ann feasta. An mbeidh Inis Meáin ina Blascaod? An mairfidh airgead agus áilleacht ar scáth a chéile? Seo miontuairisc ar imeachtaí an easaontais le Donncha Ó hÉallaithe.

Faoi Nollaig 98, d'iarr Comharchumann Inis Meáin cead trí mhuilleann gaoithe a thógáil. Ceantar

Speisialta Caomhnaithe (SAC) is ea Inis Meáin. Tá ceangal ar an mBord Pleanála agus ar an gComhairle Contae measanú a dhéanamh ar chás a mbeadh "significant effect" aige ar cheantar SAC. Tugtar *Environmental Impact Assessment* (EIS) air seo.

Dúradh leis an oifigeach

pleanála breis eolais a iarraidh ar Chomharchumann Inis Meáin maidir leis an iarratas pleanála: "It is advisable in this situation that an EIS be sought and submitted."

I bhfreagra atá sínithe ag Pól Ó Foighil ar son an chomharchumainn, deir sé "The Co-op Committee feel EIS is not warranted in this case and because of the nature of our financial circumstance, it would prove a difficulty even if EIS were advisable..."

Scríobh Patrick White, Dúchas, chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur a chuid inní in iúl mar gheall go bhfuil an togra "within a SAC" agus

"afforded primary conservation status". San iarratas pleanála, usáideadh léarscáil Tim Robinson d'Inis Meáin, le suíomh na muilte a thaispeáint. Scríobh Tim Robinson chuig an gComhairle Chontae: "Despite its grandeur this is a very vulnerable landscape. Nothing could be more destructive of it than the endless gesticulations of windmills."

Arsa an litir achomhairc ó Chairde Caomhnaithe na hÉireann: "Ní féidir a shéanadh go ndéanfadh na muilte an dochar d'áilleacht an oileáin".

Ní chun leictreachas a

Harnessing the wind

Man has been harnessing the wind for centuries. Early windmills date back to 7th century Persia where sails were attached to a vertical axis. Windmills were introduced to Europe about 1200 AD, and by about 1600 they had offended Don Quixote as the ongoing debate between aesthetics and pragmatism developed.


The first wind-powered electricity generator was built in Denmark in 1890, and Scandinavia remains to the forefront in wind-generated power today. Germany however leads the world in terms of wind-generated energy: in 1997 they increased their output by 25% to generate 2082 megawatts. Their eco-driven legislation guarantees state-purchase of excess wind-produced electricity.

In Ireland, a recently installed windfarm in Inverin, Co Galway (see left) is the country's 10th. Others are situated in Roscommon, Leitrim, Cork and Mayo. Irish windfarms produce an average of between 7 and 20 megawatts. Recent European reports suggest that Ireland has the potential to produce 1248 megawatts by the year

2020, and within ten years the country will probably boast between 50 and 100 farms, producing between 10% and 20% of the nation's energy.

Currently there is a tendency to situate wind turbines off the coast, away from shipping lanes, and out of sight of land where they are more efficient and, ideally, have less visual impact. Technological advances have produced more durable units which require little maintenance, thereby facilitating remoter siting. But the high construction and cabling costs associated with offshore turbines remain a deterrant to private investment.

Windpower, along with water, both alternative energy resources, will become vital to the sustainability of society as the planet's supplies of oil, coal, gas are depleted. But improved technological is enabling extractors to dig deeper, and the discovery of virgin gas and oil fields has interrupted the debate on fossil fuel viability which occupied the public mind a generation ago.



chur ar fáil don oileán atá na muilte á dtógáil, ach chun leictreachas a dhíol leis an Bord Soláthar Leictreachais faoin scéim AER. Tá leictreachas ag an oileán ón mórthír le bliain anuas. Tá caint ann faoi úsáid a bhaint as an leictreachas le hionad dísháilithe uisce a thógáil ar an oileán. Ach níl staidéar déanta ar an smaoineamh seo. Molann an tOllamh Patrick J. Duffy córas bailithe báistí: "Here is one of the wettest environments in Ireland - unpolluted water in vast quantities falls from the sky. So why not literally tap into this source with the simplest technology of all - water tanks".

Cosnóidh sé beagnach

leathmhilliún punt an trí mhuilleann gaoithe a thógáil, móide costas na gcébláí. Ní fada ó bhí Comharchumann Inis Meáin chomh bocht sin is nach bhféadfaidís ach sciar dá gcuid fiacha a ghlanadh.

Tá litir ó chomhlacht cuntasaíochta ó Chorcaigh, O'Riordan and Associates, a thugann le fios go mbeadh iasacht £200,000 le fáil ón ICC. Tá fáil acu féin ar £250,000 le hinfheistiú sa togra. Airgead *Business Expansion Scheme* (BES) a bheadh i gceist, airgead a chaithfí a íoc ar ais tar éis cúig bhliana. Dá nglacfaí leis an scéim faoin togra AER, bheadh deontas caipitil ar fáil chomh maith.

Bhí scéal mhuilte gaoithe Inis Meáin ina ghála le deireanas:



Pól Ó Foighil:

"According to Tim Robinson, it is I along with my Committee of Management who are about to violate the sacred character of Inis Meáin by blasphemously, sacrilegiously and destructively erecting the windturbine."

Tarlach de Blácam:

"I was horrified when I read what Pól Ó Foighil wrote."

Tim Robinson:

"Mr Ó Foighil's efforts are admirable in intention, but are based on an obsolete idea of rural development."




Windmills and Round Towers

Tall structures define a landscape, and among Ireland's tall and symbolic structures are some 40 round towers which have dominated the countryside since medieval times. One of these is situated at Cill Einne, Inis Mór, just two miles from the proposed Inis Meáin windfarm site.

Writing in *The Irish Round Tower* Brian Lalor describes the Cill Einne tower, dismantled around the time of Don Quixote, to supply stone for Cill Einne's Elizabethan castle, as "a tower which, if it stood to a height of 30 metres, would have been a visible landmark for the island and would have been visible from the mainland".

Should we be having wind-monasteries rather than wind-farms? And how aesthetic did the medieval Gael, a tree-lover, find the giant stone needles of Glendalough, Kilmacduagh or Clonmacnoise?


THE Burren




Mapa na Boirne

Tá leagan nua de mhapa na Boirne foilsithe ag Folding Landscapes. Ar leagan 1977 atá leagan seo 1999 bunaithe. Dhá orlach in aghaidh an mhíle scála an mhapa nua, méadú beag ar an seancheann. Maidir leis na hathruithe sa mBoireann ó 1977 i leith, deirtear: 'The number of houses has increased by almost 45% to 1690'. Tá tagairt ann do chonspóid eile seachas muilte gaoithe Inis Meáin: 'After nine years of opposition on environmental grounds the future of the Burren National Park's visitor centre at Gortlecka (Mullaghmore) is still in the balance.'

Gach mí, sílann *Cuisle* ceann de Ghaeltachta beaga na tíre. Go Muigh Eo atá ár dtírall an mhí seo, áit ar thug John Hughes seal i gCeathrú Thaidhg ag éisteacht le glór na háite.



Glór Cheathrú Thaidhg




THE STORY OF the Mayo Gaeltachts in recent times is one of rapid erosion. The map designates a large expanse of the county's northwest reaches as Irish-speaking. Much of the area is of course sparsely populated. Still, when the Abbey Theatre brought their dramatised version of Máirtín Ó Cadhain's *Cré na Cille* to Bangor Erris in 1996, several hundred motivated Irish speakers filled the hall.

Who are Mayo's native Irish speakers? Why don't we hear more of them on our airwaves? Is Irish destined to draw its last breath in a county where two generations ago you could walk a hundred and fifty miles and find an Irish speaker in every parish on the way?

Our towns and cities may be boiling over, but

increasing numbers of rural areas are more disadvantaged than they were before Ireland's entry to the EEC. Abandoned by the mandarins of the development agencies and after decades of blind centralisation to Dublin, their demographic and economic problems resemble those of Ireland in the 1950s. Unless there is a radical reappraisal of the human value of small communities, these areas face total depopulation. Ceathrú Thaidhg in northwest Mayo is a case in point.




IS IN IORRAS, in iarthuaisceart Mhuigheo, atá Ceathrú Thaidhg, Dún Chaocháin a tugtar ar an gceantar máguaird. Tá Ceathrú Thaidhg agus Dún Chaocháin i bhfad ó lár an aonaigh. Níl tionscal na turasóireachta ann. Níl TG4 ar fáil ann, agus ní oibríonn an fón póca. Níl comhartha ar bhóthar Bhéal an Átha leis an mbealach go Ceathrú Thaidhg a thaispeáint. Dúnadh an mhonarcha chnótála a bhí ag Hackett and Turpin níos túisce i mbliana. B'é sin an t-aon tionscal sa gceantar. Tá an tóin titithe as an fheirmeoireacht agus as an iascaireacht. Ní fios cá fhaid eile a mhairfidh an pobal Cheathrú Thaidhg.

Is iad Ceathrú Thaidhg agus an Eachléim an dá cheantar in Iorras ina labhraítear Gaeilge fós. Dhá cheantar a ligeadh i ndeardmad agus polasaí tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta á dhréachtú. Is i mBéal an Mhuirthid atá na heastáit tionsclaíochta agus an obair. Cineál Disney-Ghaeltacht is ea Béal an Mhuirthid. Níl glór na Gaeilge ann, ach tá cuimse fógraí agus ainmneacha i nGaeilge os cionn na siopaí. "Níl mé cinnte an ar mhaithe leis an teanga ná an ar mhaithe leis

na deontaisí atá na fógraí seo. Dá ndeirfeá a n-ainm leofa i nGaeilge ní thuigfeadh siad thú. Feiceann muid go bhfuil airgead Údarás na Gaeltachta á chaitheamh i mBéal na Mhuirthid. Iad seo nach bhfuil ag caint na Gaeilge atá ag fáil an airgid sin. Tá an buntáiste uilig i mBéal an Mhuirthid." Sin é an dearcadh atá ag Mícheal Ó Murchú as Cill Ghallagáin.

Is de bhunadh Theilinn i dTír Chonaill go leor de mhuintir Dhún Chaocháin. Aduaidh thar farraige a tháinig siad ar imirce. "Sé do bheatha" an gnáthbheannú san áit. Cloisfidh tú na scórtha focal Ultacha ann: falsa (leisciúil), murlas (maicréal, ronnach) agus druid (dún). Tá cuid de thuinn an tuaiscirt ar chaint na ndaoine.

Is iad Port an Chluaidh, Ceathrú na gCloch, Cill Ghallagáin agus



Ceathrú Thaidhg na bailte ina labhraítear Gaeilge go fóill. Béarla a labhraítear leis na páistí den chuid is mó. Mar a deir Áine Bashford as Ceathrú na gCloch: "Tá an áit seo mar chuile Ghaeltacht eile; daoine ag pósadh le daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu agus ag teacht ar ais."

© John Hughes

Tá mapaí le logainmneacha na háite curtha ar CD Rom ag Uinseann agus ag Treasa. Seo í an chéad uair a deineadh a leithéid.

Chun an turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn, shocraigh Comharchumann Dhún Chaocháin go ndeanfaí CD Rom ina mbeadh logainmneacha, béaloideas agus stair na háite le feiceáil agus le cloisteáil. Fuair siad deontas ón gComhairle Oidhreachta agus ó Údarás na Gaeltachta chuige seo.

Tá an CD ar an margadh anois agus is iontach an méid eolais atá air. Má bhrúnn tú ar logainm ar bith tiocfaidh an míniú i mBéarla ar an scáileán agus cloisfidh tú an t-ainm sin á rá. Tá grianghrafanna ag dul le cuid de na logainmneacha. Insítear roinnt scéalta bealoidis. Is féidir na scéalta a léamh ag an am céanna agus is deis iontach é sin chun eolas a chur ar chanúint na háite. Tá roinnt amhrán áitiúla le cloisteáil air freisin.



Uinseann Mac Graith agus Treasa Ní Ghearraigh

Bhí buntáiste acu gur chuir an fear gnó Michael Curley, Computercare, Béal an Mhuirthid, suim sa togra. Chuir sé críoch shlachtmhar air. Chuir Treasa agus Uinseann an treoirleabhar "Siúlóidí Dhún Chaocháin" le chéile i 1997, agus tá sin curtha ar an idirlíon. Ba mhaith leo é sin a dhéanamh leis an CD Rom freisin.

Tá Áine Ní Chonólaigh pósta le George Bashford, Sasanach de bhunadh Thailand. Casadh ar a chéile in Eastbourne, Sussex iad. Labhrann Áine Gaeilge lena mac óg Callum. Go minic is Béarla a labhrann Callum ar ais!



Áine Bashford agus a mac Callum, Ceathrú na gCloch.

Cuise: Cén fáth ar phill tú ar Dún Chaocháin?

Áine: Ón gcéad lá a d'imigh mé, bhí fhios a'm go dtiocfainn ar ais. Bhí sé ceart go leor a bheith imithe le haghaidh scathaimh nuair a bhí tú singil agus thú fhéin a fhás ruidín beag. Ní thiocfadh liom clann a thógáil i Sasanaí. Ní bheadh siad in ann an teanga a thuiscint chomh maith is atá nuair atá siad anseo. Tá sé níos éascaí clann a thógáil anseo. Ní chaithfidh tú a bheith faiteach i gcónaí dhófa. Ní thig leat iad a fhágáil ar chúl an tí amuigh sa

ngarraí i Sasanaí. Caithfidh tú a bheith leofa chuile móimíd den lá. Sílim go ndearna mé an rud ceart theacht ar ais.

Cad mar gheall ar George, d'fhear céile?

B'fhearr leis a bheith anseo mar gheall ar na páistí. Dá mbeadh an



Más scíth chiúin i gceantar scoite tuaithe nó eachtraíocht gníomhach ar an nisee, siúlóidí, galf, marcaíocht capall nó rothaíocht nó eile atá uait áísófar sa Ghaeltacht thú.

Céad fáilte go Gaeltachta Iar Thuaisceart Mhuigh Eo. Áit iontach, draíochtach í, saibhir i mbéaloides, ina bfuil meas agus urram na nglúnta ar an dtimpeallacht le mothú. An rud a líonas an tsúl, líonann sé an croí.

Breis eolais ar fáil faoi shaoire sa Ghaeltacht ó :


Gaelsaoire
Saorfhón 1800 621 600
E - Phost: info@gaelsoaire.ie
http://www.gaelsoaire.ie



Scíth sa Ghaeltacht i Maigh Eo...



An Ghaeltacht



Gaelsaoire
SCÍTH SA GHAELTACHT
Holidays in Ireland's Gaeltacht

obair níos giorra dhó bheadh sé an-sásta. Oibríonn sé i bhfad ó bhaile i Sligeach agus i Longfoirt mar shampla. Is *security guard* é.

An bhfuil mórán eile ag iarraidh teacht ar ais?

Tá daoine ag iarraidh theacht abhaile, ach níl siad ag fáil an cead le bheith ag tógáil tithe mar gheall nach bhfuil siad ina gcónaí anseo.

An raibh buntáiste ar bith leis an Ghaeilge agus tú i Sasana?

Bhuail mé le muintir as Conamara thall ansin agus bhí mé in ann iad a thuigbheáil. Bhí muintir na hÉireann nach raibh sí acu in éad liom. Bhí *identity* agat. Bhí mé dhá labhairt le mo mhac Callum agus bhí na Sasanaigh ag rá "nach iontach an rud go bhfuil dhá theanga agat". Dá bhfanfainn thart anseo b'fhéidir nach mbeinn chomh bródúil as.

Cén uair a tháinig tú ar ais?

Tháinig mé ar ais anseo 1998 agus bhí fontas orm, daoine go raibh mé ag caint Gaeilge leofa thosaigh siad do mo fhreagairt i mBéarla. Sílim gur shíl siad gur chaill mé an Ghaeilge i Sasanaí. Tá mé níos

'Tá daoine ag iarraidh theacht abhaile ach níl siad ag fáil an cead le bheith ag tógáil tithe'

compordaí a bheith ag caint Gaeilge leis an muintir gur tógadh mise leo. Na daoine óga, tá claonadh níos mó orthu Béarla a labhairt. Níl fhios a'm céard is féidir a dhéanamh chun é sin a dheasú. Síleann na daoine óga anseo gur cineál *stigma* an Ghaeilge, go mbaineann sí leis an mbochtanas agus leis an aineolas agus nach bhfuil siad ag fail tadaí as. Ach tá.

Dá mba rud é nach raibh leithéide Ceathrú Thaidhg agus an Eachléim in Iorras, an mbeadh seans ar bith ag Béal an Mhuirthid a bheith sa Ghaeltacht?

Ní bheadh, bheadh siad ag insint bréaga. Ní raibh a fhios agam go raibh ceantracha eile in Iorras sa nGaeltacht. B'fhéidir go mba cheart a rá leofa an bhfuil sibh ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt agus aitheantas a fháil mar Ghaeltacht?

An bhfuil sé deacair ag bean singil fanacht thart anseo?

Tá mná ag obair anois. Tá an *idea* imithe go bpósfaidís, go socróidís síos agus go dtógfáidís clann. Sin an fáth go bhfuil na mná ag imeacht. Tá mise i mo ghruagaire. Bhí mé ádhúil go raibh an cheird sin agam agus go raibh mé in ann a úsáid le teacht ar ais anseo.

An bpillfidh daoine le hoideachas tríú leibhéal ar ais go Dún Chaocháin?

I gcónaí shíl mé fhéin go bhfaighthéa níos mó as ceird a bheith agat, go dtig leat a thabhairt leat in áit ar bith. Tá tionscail nua tosaithe i mBéal an Mhuirthid le deiridh agus tá go leor ag obair ansin leis an *building trade*. Tá na daoine ag déanamh a ndícheall na páistí a chur chuig coláiste le rud eicint níos fearr a fháil dhófa ná mar a bhí acu fhéin. Daoine óga thart anseo fuair siad fostaíocht i mBaile Átha Cliath mar gheall ar an *Celtic Tiger*. Tigeann go leor acu abhaile ag an deireadh seachtaine. Caithfidh go bhfuil rud eicint á dtarraingt sin ar ais.

Feirmeoir is ea Mícheál agus bhí Máire Cáit ina stiúrthóir táirgíochta sa monarchain chnótála. Gaeilge a labhrann siad lena gcuid páistí. Tá baint acu le Comharchumann Dhún Chaocháin.

An bhfuil deireadh leis an tionscal cniótála anseo?

Máire Cáit: Faoi láthair tá cainteanna ar siúl idir na húinéirí agus an lucht creidmheasa. Tá dóchas agam fós gur féidir an mhonarcha a athoscailt. Thug an t-Údarás tacaíocht dhúinn go dtí seo.

An fiú bheith ag feirmeoireacht anois?

Mícheál: Ní fiú. Is í an fheirmeoireacht an rud is measa anois agus caithfidh rud eicint eile teacht ina háit. Níl aon phraghas ar bhó ná ar chaora. Ach chomh beag na deontaisí ní fiú bacadh leo. Dhíol go leor na feithidí go léir a bhí acu. An cúpla punt as REPS caithfidh tú a chaitheamh ar d'fheirm. Ní teacht isteach é sin. Lucht na timpeallachta tá siad ag iarraidh go dtógfaí na caoirigh ó na cnoic agus iad a fhágáil bán. Bhí an iomarca caoirigh ar na cnoic ach cuirfidh seo lagmhisneach ar na daoine.

An bhfuil fadhb tithíochta anseo?

Máire Cáit: Tá cinnte. Bhí an Chomhairle Contae ag tógáil na ndaoine amach as an gceantar seo agus á gcur isteach go Béal an Mhuirthid agus á gcur suas go Beannchor. Bhíothar



Mícheál Ó Murchú lena iníon Sorcha agus a bhean chéile Máire Cáit, Cill Ghallagáin.

ag líonadh na mbaile móra le muintir na tuaithe. Chaill muid múinteoir mar gheall air sin. Tá súfomhannaí tí ag daoine agus ba chóir cuidiú a thabhairt dhófa tithe a thógáil ar a gcuid thalaimh fhéin le go mbeidh muid ábalta ár ndaoine a choinneáil sa gceantar.

An bhfuil aon rambling houses anseo?

Mícheál: Tá corrdhuine amuigh mar shampla Johnny Deane agus beidh píosa seanchais lena leithéide sin. Má théann tú isteach i dteach anois níl do scéal leat, ná scéal éinne eile. Tá tú ag faire ar an mbosca ansin. Caithfidh tú an focal fáin

a bheith agat, gan labhairt ach anois is arís. Tá uaigneas ar chuid de na daoine, abair iad a bhí cleachtach a dhul isteach ins na tithe agus píosa comhrá a dhéanamh. Tá déantaí ar shiúl le scéaltaí faoi chuile shórt a tharla san am a caitheadh; tá sin imithe. Tá scéaltaí fós ag daoine, mo léan, dá bhfaigheadh siad seans iad a inseacht.

Bhí na hamhráin anseo, Béarla agus Gaeilge. Bhí sé sin roimh m'am.

An bhfuil forbairt déanta ar an turasóireacht anseo?

Mícheál: Níl. Ba mhaith linn turasóirí a bheith anseo dá mbeadh siad ag cónaí san áit ar feadh cúpla seachtain.

Máire Cáit: Comharchumann Dhún Chaocháin, tá muid ag iarraidh Ionad Oidhreachta a bhunú anseo. Beidh sé dírithe ar theangáí, cultúr agus timpeallacht. Cúpla *turn* sa mbliain tigeann scata chugainn le haghaidh deireadh seachtaine siúlóidí agus fanann siad thart ins na tithe. Sin tríd an gcomharchumann.

An mairfidh an pobal anseo?


Mícheál: Ní dhéarfainn go mairfidh. Mura bhfuil obair san áit ní fhanfaidh na daoine ann. Mura socróidh daoine síos, mura dtógfaidh siad a gclann, cé bheas ann ach daoine meánaosta. Níor thainig mórán daoine thar n-ais ó thosaigh an boom.

Máire Cáit: Tá chuile dhuine thart anseo dífhostaithe ach an méid atá sa monarchain agus cúpla duine atá ag dul isteach is amach go Béal an Mhuirthid. Níor thainig an Tíogar Ceilteach an bealach seo fós agus ní thiofadh sé anseo ach oiread. Má bhíonn tú ag caint leis na Teachtaí Dála, deireann siad faoi Cheathrú Thaidhg go bhfuil muid "ró-iargúlta". Sílim nach bhfuil siad sástaí rudaí a chur anseo"

Forbairt na Gaeltachta...

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbairt, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie http://www.udaras.ie



Bríd Ní Shelghin, Ceathrú na gCloch

Tá céim B.A. sa mBéaloideas ag Bríd agus rinne sí cúrsa múinteoireachta i Marino. Phill sí abhaile anuraidh agus tá sí ag múineadh sa mbunscoil i gCeathrú Thaidhg.

Tá an áit seo an-chiúin ar fad. An gcuireann sin isteach ort?
Is brea liom an suaimhneas anseo; amuigh sa garraí nó thíos ag an trá. Bhí mé ag iarraidh teacht abhaile anseo. Níl daoine ag cur isteach ar an áit. Ní bhíonn tú riainm ceapthaí i *traffic jam*. Ach ag an am céanna níl ganntanas ar aon rud. Tá muid in aice le baile mór.

Tá aithne ag gach duine thart ort. An iomarca aithne bíonn muid a rá uaireanta! Má bhíonn tú i gcruachás bíonn daoine ann le cuidiú leat. Ní cheapaim go bhfuil aon phobal sa chathair a thuilleadh.

Cad mar gheall ar dhaoine ar an aois céanna leat féin?

Tá cuid acu, cinnte tá siad ag iarraidh teacht ar ais ach níl na postannaí anseo dófa. An chuid is mó ceapann siad go bhfuil an saol níos fearr sna bailtí móra: siopaí, pubannaí, *night clubs* agus mar sin de. Tá siad ag iarraidh a bheith neamhspleách freisin.

An ionann dul chuig coláiste tríú leibhéal agus gan teacht ar ais anseo?

Beagnach. Má tá ceird agat tá seans níos fearr agat fanacht sa bhaile.

Tá cúrsa le haghaidh bheith i do ghabha ar siúl i mBéal an Mhuirthid. Tá duine amháin as Iorras ar an gcúrsa. Níl chuile dhuine ag iarraidh post ceirde mar sin, níl siad go maith lena lámha ná níl an chruthaitheacht iontu. Tá an fhadhb i bhfad níos leithne ná sin. Tá na monarchana agus na postannaí go léir i mBaile Átha Cliath. Níl aon chall ag na polaiteoirí a rá nach dtiocfadh leofa na rudaí céanna a chur anseo.

Nach bhféadfadh an fhoraoiseacht postannaí a chur ar fáil anseo?

Tá go leor crainnte curtha i nGleann na Muaidhe ach níl aon bhuntáiste leo.

Garrann *contractors* ó Bhéal an Átha iad. Níl aon fhostáiocht do muintir na háite.

Tá siad ag déanamh dochair don talamh agus ag mílleadh na háilleachta. Tá Loch na Ceathrú Móire agus ní feidir é a fheiceáil ón bhóthair anois.

... Bríd Ní Shelghin, Máire Cáit agus Mícheál Ó Murchú
Éistear lena nglór.

An bhfuil mórán de dhifríocht idir a bheith ag múineadh anseo agus a bheith ag múineadh i nGaelscoil i gCill Dara? Tá sé i bhfad níos deacra. I gCill Dara ní raibh ach rang amháin agam. Anseo tá ceithre rang agam. Níl an oiread sin difríochta ó thaobh na teanga de, mar níl an oiread sin Gaeilge ag go leor de na páistí anseo nuair a thagann siad ar scoil. Tá sé an-deacair iad a chur ag labhairt Gaeilge i gclós na scoile. Teastaíonn cúrsa le haghaidh páistí a thagann anseo agus gan an teanga acu. Ceann de na rudaí is mó a stopann daoine ag teacht abhaile ná eagla nach mbeadh na páistí in ann Gaeilge a labhairt ar scoil. Go mórmhór nuair atá na páistí a hocht agus a naoi.

Cad mar gheall ar na deagóirí ó thaobh na Gaeilge de? Ní labhrann na deagóirí Gaeilge eatarthu fhéin cé go labhrann cuid acu sa bhaile í. Seans go dtuigfidh cuid acu agus iad sna fichidí. Nuair a bhí muide inár ndéagóirí bhí cineál *rebellion* ar siúl. Theastaigh uainn Béarla a labhairt ach tá gach duine againn sa chlann tagaithe ar ais chuici.

I nGleann Choilm Chille, áit nach bhfuil an teanga leath chomh láidir is atá sí anseo, bíonn cúrsaí de chuile chineál á reachtáil ag Oideas Gael. Theastódh tuilleadh cúrsaí anseo. Níl na hacmhainní san áit le daoine a choinneáil.

An ionann turasóireacht agus áit a mhilleadh? Ní hionann, ach má bhíonn an iomarca daoine ag teacht isteach in áit bheag bíonn scrios ann. Tagann grúpaí beaga anseo ar siúlóidí agus bíonn suim acu sa timpeallacht agus san áit. Is rud an-tábhachtach é sin. Tá clann as Béal Feirste atá ag teacht anseo le fiche bliain. Fanann siad i *gcaravan*. Labhrann siad le muintir na háite. Ceannaíonn siad a gcuid stuif sna siopaí áitiúla. Titeann siad isteach leis an saol anseo.

Chruinnigh tú béaloideas thart anseo faoi scéim Euroform. Cén mhaith na hamhráin agus na scéaltaí a bheith cruinnithe má tá siad ligthe i ndearmad ag an bpobal? Níl aon mhaith. Cuireann na páistí an-suim sna logainmneacha áitiúla a bhailigh Vincent Mc Grath le haghaidh an CD Rom. Cuid de na páistí ón bhunscoil anseo bhuaigh siad an comórtas Comhrá Gaeilge ag Fleadh Cheoil na hÉireann. Bíonn na scéaltaí béaloidis foghlaimtí acu mar a bheadh dán. Leis an Daoneolas anois sa gcuraclam bunscoile thiocfadh liomsa go leor scéaltaí, stair áitiúil agus amhráin a dhéanamh leis na páistí. Cúpla bliain ó shoin bhí m'athair ag múineadh na n-amhrán dófa. Níl an traenáil fáightí ag na múinteoirí. Ba cheart don Roinn Oideachas an traenáil a chur ar fáil. Ní hamháin anseo ach san *inner city* i mBaile Átha Cliath.

An bhfuil meas ar an bhéaloideas mar acmhainn oideachais; go dtéann na scéaltaí agus na hamhráin go domhain sa *psyche*? Níl. Is breá leis na páistí na scéaltaí agus bíonn cuimhne acu orthu. Oíche amháin bhí muid ag an tine chnámh agus bhí an ghealach go hálainn. Bhí leaid óg seacht mbliana d'aois ann agus dúirt sé lena mháthair. "Nuair a bhí mé an-bheag, dúirt Granda liom an bealach a chuaigh an fear suas sa ngealach". Bhí sé in ann an scéal a insint agus bhí gach píosa eolais sa scéal aige. Bhí iontas air faoi. Bhí sé mar sheanchaí dhá insint.

agus Áine Bashford: cuid de mhuintir Cheathrú Thaidhg. aifear éisteacht . . .



1, 2, 3, Success 2000, Weight Watchers are trademarks of Weight Watchers Intl., Inc. and used under its control by Weight Watchers (Irl)

**SAVE £2.50
JOIN FOR £6.00
OFFER VALID FOR THE MONTH
OF SEPTEMBER**

For information and classes phone:
01-8306665 & 01-8306511
Lo-call 1850-234123
Cork 021-314067
Galway 091-564842
South East 056-22276

For information on Weight Watchers
"BY POST"
Waterford Road, Kilkenny
056-22276

1, 2, 3 Success 2,000 and Weight Watchers are trademarks of Weight Watchers Intl., Inc. and used under its control by Weight Watchers (Irl)



**Pléaráca Chonamara
13-20 Meán Fómhair 1999**

Cártaí Poist ón Ind

Baol báis, seantreibh na coille, Shyam Óg agus ruathar dha eilifint: seo tuilleadh den iliomad iontaisí a chonaic **Colm de Bhaldraithe** ar a thuras aduain ildaite i ndeisceart na hInde.

Colm i bPonc

D'FHÁG MÉ KERALA de bharr an *monsoon*. Bhí an áit faoi uisce. Chuaigh mé go Tamil Nadu. Go hard sna sléibhte a bhí muid ag tiomáint thart ar bhóithre beaga cúnga. Beanna clúdaithe le coillte fiáine agus na plandaí tae chomh glas, mín le brat urláir, corchrann ag fás i measc na sceacha. D'fhiafraigh mé de mo chairde cé na crainn iad féin.

'Ná bac leo,' a deir siad, 'is é an piobar atá ag fás air atá luachmhar.'

'Stop go bhfeice mé an piobar,' arsa mise.

Amach liom gur phioc mé cúig phiobar. Go tobann chuala mé béic mhór feirge. Bhailigh buíon fear timpeall orainn agus tháinig sean-fhear tanaí anall chugamsa, claibhtín bán air agus speaclaí dubha. Thosaigh sé ag béicíl i m'éadan.

'Bhí muid i ngleic le buíon olc, ólta'

LABHAIR MÉ GO réidh leis agus ghabh mé leithscéal as na piobair a bhí bainte agam. D'éirigh sé níos corraithe fós, lean sé air ag scréachaíl agus rinne sé bagairt orm le maide. Go tobann thuig mé go raibh 6,000 rupee — \$400 — uaidh ar an gcúig phiobar. Bhí boladh óil uaidh.

Thug mé faoi deara go raibh *machete* nó maide ag na hIndiaigh uilig agus go raibh siad tar éis clocha a chur os comhair na rothaí ionas nach mbeadh muid in ann éalú. Bhí muid i ngleic le buíon olc, ólta, iad ag iarraidh cáin dubh a ghearradh orainn, agus gach cosúlacht orthu go raibh siad sásta muid a ionsaí agus an carr a scrios muna n-íocfadh muid

iad. Tar éis dhá huaire an chloig ag plé leo ghlac siad le 300 rupee — \$20. Theith muid agus gan giog asainn le scanradh.

Fuaruisce easa

CHOINNIGH MUID ORAINN ag tiomáint gur tháinig muid ar chosán coille. Bhí aithne ag ceann de mo chairde ar fhear a bhí ina chónaí sa choill, agus lean muid an cosán gur shroich muid a bhothán.

Réitigh sé lón dúinn, *tapioca* le salann agus *chili*. Bhí sé an-chosúil le mias mór fataí le salann agus im.

Tar éis lóin choinnigh muid orainn, agus lean muid an cosán gur shroich muid abhainn. Bhí an choill lán leis na céadta feileacán ildaite.

Ar ball tháinig muid ar phluais a bhfuil cónaí ann fós. Bhain sé le pobal prótó-australódach a mhair-eann go síochánta ar shaibhreas na coille. Go luath chuala muid torann mór ar nós toirnigh. Rinne muid ar an torann agus tháinig muid ar an eas, na tuilte uisce ag titim na céadta troigh ón spéir, cúr agus gail ag coipeadh, agus bogha báistí ag lonradh.

Bhí poll mór gearrtha sa gloch ar nós linn snámha. Chaith muid dinn agus isteach linn san uisce de léim. Chuaigh an fuacht go beo ionainn, ach ba álainn é tar éis bhrothall na coille. D'fhan muid san uisce gur ghlan sé gach rian den droch-eachtra dinn. Ansin shín muid ar ngeaga ar na leacracha móra agus rinne muid iontas den eas maorga i gcroílár na coille.



Cuid den tréad a thug fogha faoi Cholm

Four roads to Mananthavady

SÉIDEADH AN FHEADÓG agus thosaigh an traen ag gluaiseacht. D'fhág mé slán le Thora, cara on Íoslainn, agus shín sí chugam mála cnónna *cashew*, oráistí, caortha finiúna agus séacláide.

'Bronntanas le haghaidh an turais,' ar sí de scread agus an traen ag fágáil an stáisiúin.

Bhí mé ar mo bhealach go Kottikullam, ainm breá, baile beag cois farraige i dtuaisceart Kerala. Turas oíche a bhí ann agus an traen plódaithe mar is gnáth.

'Kaapi-Kaapi-Kaapi,' arsa fear a bhí ag díol caifé mhilis.

'Chaya-chaya-chaya,' arsa fear an tae.

Roinn mé na torthaí agus na cnónna amach, agus chuir mé aithne ar mo chuid comhphaisnéirí. Bhí leaid óg darbh ainm Shyam in aice



dul ag pósadh. D'fhiafraigh mé de cén t-ainm a bhí uirthi.

'Ó, níl aon chailín ann fós, ach aimseoidh mo mhuintir ceann dom.' Bhí sé ar nós go raibh siad le rothar a cheannacht dó nuair a shroich sé aois áirithe.

Bhí sé ag tarraingt ar a leathuair tar éis a naoi agus bhí daoine ag déanamh iarracht dul a chodladh agus na soilse á múchadh. Thug Shyam cuireadh dom teacht abhaile leis go Mananthavady. Ghlac mé leis agus dúirt sé go ndúiseadh sé mé ar a cúig.

'Baile i ngleann ard sléibhe'

BHÍ TUIRSE, AMHRAS agus drogall orm nuair a dhúisigh sé mé, agus thuirling muid ón traicín sa dorchadas. Bhí timpist tar éis tarlú romhainn ar an mbóthar iarainn, agus chinn orainn dul go ceann

scribe. D'aimsigh muid bus agus chaith muid ceithre huair an chloig ag dul in aghaidh an aird gur shroich muid Mananthavady. Thug sé chuig óstán mé, agus d'imigh leis le néal codlata a dhéanamh. Rinne mise amhlaidh.

Nuair a d'fhill sé, d'inis sé dom go raibh dhá bhainis ar siúl tráthnóna agus thug sé cuireadh dom ann. Chuaigh muid go dtí an chéad bhainis. I scioból mór a bhí sí, dhá bhord mhóra fhada agus bíní ar chaon taobh díobh. Shuigh muid, leag fear duilleog banana romhainn, tháinig fear eile le buicéad agus chaith sé slám ríse ar an duilleog. Lean fear eile eisean le buicéad curry, agus dhoirt sé anuas ar an rís é. D'ith muid lenár gcrúba í, d'éirigh muid ón mbord, ghlan muid na lámha i mbairille uisce agus amach linn. Bhí slua mór amuigh ag fanacht. Ní raibh muid ann ach fiche nóiméad.

'Dates agus tae milis'

CHUAIGH MUID go dtí an dara bainis. Chomh luath 's a shroich mé an áit, rug an fear greim láimhe orm, agus níor scaoil liom go raibh sé tar éis mé a chur in aithne do leathchéad duine. Níor bhac mé leis an mbéile agus ansin thug sé isteach sa teach mé. Bhí sé lomlán le mná agus iad gléasta ar mhodh traidisiúnta na muslamach. Bhí siad bailithe i ngach doras agus iad ag stánadh orm. Chuir an fear mé i mo shuí ag bord beag os comhair a dheirfíre. Ní raibh faic le feiceáil ach a cuid súl.

Thug na mná *dates* agus tae milis isteach. Thosaigh mé ag ól agus ag ithe fad is a bhí mé ag déanamh iarracht smaoinemh ar ábhar cainte nach mbeadh droch-bhéasach. Sa deireadh d'fhiafraigh mé di céard a bhí ar siúl aici.

'Ta mé ag déanamh M.A. san astrafisic,' a deir sí.

Dhoirt mé an tae le aontas.

'Agus tá súil agam dul go dtí na Stáit Aontaithe le Ph.D. a bhaint amach.'

Tirunelli

SHROICH MÉ TIRUNELLI, teampall atá thuas go hard i sléibhte Ghat. Ceantar fiáin, iargúlta. D'aimsigh mé lóistín dom féin i dteach beag in aice leis an teampall agus amach liom ag

siúl. Bhí folcadán cloiche i sruthán naofa gar don teampall. Chuaigh mé ann agus ghlan mé an t-allas díom féin.

Tar éis an fholctha choinnigh mé orm ag siúl. Crainnte móra maorga, raithneach, caonach agus chuile chineál fáis orthu, *liana* ag sileadh on spéir, sceacha agus bambú, earc agus nathair bolg le gréin.

Bhí an cosán ag dul in airde agus i ngach gabhal den bhealach leag mé cloch nó maide mar chomhartha dom féin ar ball. Bhí carnáin mhóra cac eilifinte le feiceáil, agus bhí antsiúl agam na heilifints a fheiceáil. Bhí mé ar airde 6,000 troigh anois, agus teora na coille ann. Páirceanna móra féir, sceacha ag fás sna claiseanna a bhí ag sileadh anuas ón droim sceirdiúil. Na sléibhte fhíos fúm agus corrsamall ar snámh.

'Nocht domhan nua romham'

SHROICH MÉ an droim agus nocht domhan nua romham. Machaire mhór chothrom chomh fada le fíor na spéire. Gaoth fhuar ag séideadh agus gan fiú torann na bhfeithidí le cloisteáil. D'airigh mé neach eicint ag faire orm. Chas mé thart agus céard a d'fheicfinn ach fia, *nilgiri gaur*, é ag stánadh orm go fiosrach, a chluasa móra ar bior. Chas sé agus d'imigh.

Bhí sé ag éirí deireanach, agus ní fada go mbeadh an ghrian ag dul faoi. Lean mé an cosán agus na clocha a bhí leagtha síos agam mar comhartha dom féin. Bhí sé deacair iad a fheiceáil agus d'ardaigh mo chroí nuair a chuala mé torann fir oibre sna teampaill. Ach ní fir oibre a bhí ann ar chor ar bith ach dhá eilifint óga ag tarraingt bambú as an talamh agus iad á ithe.

Rinne mé staic agus d'fhan mé ag féachaint orthu. Thriail mé dul níos cóngaraí dóibh ach agus rith siad leo le faitíos. Chuala mé torann eilifints móra ag leagan sceacha agus ag teacht i mo threo. Rith mé ar nós na gaoithe agus níl a fhios agam beo cén chaoi ar éirigh liom an teampall a bhaint amach.

Níl deireadh ráite ag Colm fós. Bígí ina chuideachta arís an mhí seo chugainn.

Buail cic ar an cych

le Cathal Ó Súilleabháin



IS IONTACH GO DEO an leas atá leantóirí spóirt a bhaint as an idirlíon, agus ní heisceacht iad leantóirí sacair. Tá na mílte suíomhanna oifigiúla agus neamhoifigiúla le fáil ar an idirlíon agus chuile chineál eolais iontu. Is iontach an tslí an t-idirlíon chun aithne a chur ar dhaoine a leanann an fhoireann is ansa leat, mura bhfuil aon duine i do cheantar féin. Is iomaí foireann bheag nach mbíonn mórán tráchta orthu ar an teilifís ná sna nuachtáin, ach is cinnte go mbeidh sí ar an idirlíon.

Is féidir leat eolas iomlán faoi d'fhoireann a fháil ar an idirlíon. Bíonn stair iomlán an chlub le fáil chomh maith le stair na bpeileadóirí. Bíonn siad lán le pictiúir jpeg sean agus nua, agus is féidir leat traschóipeáil a dhéanamh orthu agus iad a sheoladh chuig do chairde. Maraon leis na pictiúir, bíonn go leor páipéir bhalla agus íomhánna 3-d screensavers le traschóipeáil anuas ar do ríomhaire.

Cuireann go leor acu seomraí cainte ar fáil, áit ar féidir leat comhrá a dhéanamh le fans eile. Bíonn na seomraí cainte an-ghnóthach tar éis cluiche agus chuile dhuine ag inseacht a leagan féin den imirt. Tharla go bhfuil an oiread sin éilimh ar na suíomhanna seo 's gur féidir leo roinnt airgid a dhéanamh freisin. Is iomaí cybershop a bhíonn iontu, áit ar féidir leat breathnú ar liosta mór earraí agus do rogha ceann a cheannacht. Ní bhíonn ort ach

cnaipe a bhrú in aice leis an earra a thaitníonn leat, d'uimhir creidmheasa a líonadh isteach, agus beidh do hata nó scairf agat taobh istigh de chúpla lá.

Suíomhanna na hÉireann

www.corkcityfc.com



IS FURASTA A AITHINT nach bhfuil an oiread chéanna airgid i sacar na hÉireann agus atá i Sasana, agus tá sé sin soiléir ar an idirlíon freisin.

Ach tá suíomh chlub sacair Chorcaí chomh maith le ceann ar bith sa gcéad tsraith san FA. Is acu atá an fóram díospóireachta is fearr agus bíonn tuairimí nua crochta ag lucht leanta an tsacair in Éirinn.



Is cluiche idirghníomhach atá anseo a bhfuil duais £1000 don bhuaiteoir. Tá na rialacha uilig scríofa ann, agus an chaoi le n-imirt. Bíonn ticéid na gcluichí agus léinte sacair le buachaint go minic freisin. Tá an-tóir ar an gcluiche seo le bliain nó dhó anois, agus is cinnte go dtiocfaidh tuilleadh fáis air sa séasúr nua. Is iad an comhlacht Cablelink atá taobh thiar den togra seo.

Suíomhanna na Breataine

www.celticfc.co.uk=20


Suíomh iontach do leantóirí Cheiltigh na hAlban é seo. Tá neart eolais le fáil anseo faoin

er-phéil

gclub, agus tá cyber-shiopa téagarach acu freisin. Tá giota físe ann den chúl cáiliúil úd a bhuaigh an corn Eorpach dóibh i 1970. Is féidir leat turas cyber a thabhairt timpeall na páirce ag usáid 'Quick Time VR', nó d'ainm a thabhairt agus a bheith i do bhall de na 'cyber-celts'. An-suíomh, é leagtha amach go simplí ach é lán d'eolas.

www.football365.co.uk

Ceann de na suíomhanna is fearr do leantóirí sacair an FA. Bíonn an nuacht sacair is deireanaí anseo, chomh maith le gach cineál eolais a bheadh uait. Tá 'lookalike



BERT

ERIC CANTONA

section' ann a tháitneodh le go leor, chomh maith le seomra a dtugtar

'the hall of shame' air. Bíonn suirbhéanna sacair á ndéanamh anseo go rialta agus is féidir leatsa páirt a ghlacadh iontu chomh maith. Bíonn comórtais acu agus go leor duaiseanna le buachaint. Is féidir leat do sheoladh ríomhphoist a chur chucu agus síntiús a fháil don liosta postais. Cuirfear litreacha eolais chugat go rialta ar an ríomhphost, agus tá sé uilig in aisce.

Buailigí cic air!



ARSENAL AWAY KIT

WEETABIX

Fómhar Léitheoireachta

Atlantis

Christina Balit
Gabriel Rosenstock

Seoidleabhar aoibhinn faoin gcathair a bád. An i lár an Atlantaigh a bhí Atlantis, má b'fhíor do na sean-Ghréagaigh? Nó an amach ó chósta na hÉireann a bhí sé? Má b'ann dó in aon chor! Leabhar gleoite do dhéagóirí óga.

Aoisghrúpa: Déagóirí
• ISBN 1-85791-308-6 • £6.50

An Rógair agus a Scáil

Gabriel Rosenstock
Piet Sluis

Bronnadh Gradam Aitheantais Bisto ar rógair i mbhán! Is é a dúirt na moltóirí faoin duaisleabhar seo: "Níl aon amhras ach go n-insítear an scéal seo ar bhealach a dhéanann athghabháil ar an aigne linbh, a chonaic Seán Ó Ríordáin mar bhuncilimint na filíochta, agus a aithnímidne, a bhfuil dúil ionraic againn i litríocht na bpáistí, mar cheann de ghnéithe riachtanacha na deilríochta do dhaoine óga ..."

Aoisghrúpa: 8-11
• ISBN 1-85791-276-4 • £4.75

Catálogo

Leabhair do Dhaoine Óga

SAOR IN AISCE!

Breis is leathchéad leathanach ann.

SAOR IN AISCE!

Véarsaí, leabhair eolais, pictiúrleabhair, foclóirí, drámaí, póstaer, leabhair cheoil agus eile

SAOR IN AISCE!

Lón léitheoireachta do gach aoisghrúpa – agus lón réamhléitheoireachta do na tachráin.

Cé a dúirt nach bhfuil a leithéid de rud ann agus lón saor in aisce!

A new catalogue of books for children of all age groups is available free of charge.

Order your copy now.

AN GÚM



44 Sráid Uí Chonaill Uacht. Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 809 5034 Ríomhphost: gum@educ.irg.gov.ie

Díolacháin tríd an bpost ó:
An Rannóg Postdíola. Teil: (01) 647 6835

Seachtain in Aisce sa bhFrainc

Tá Cuisle bliain ar an saol, agus ós ag ceiliúradh atá muid, tá deis ag ár gcuid síntiúsóirí duais bhreá a bhuachaint - saoire seachtaine sa bhFrainc do cheathrar!

Muna bhfuil síntiús agat fós, cuir seic £25 chugainn. Déanfar an tarraingt mí na Samhna, agus foilseofar ainm an bhuaiteora in eagrán na Nollag - bronntanas den scoth!



MAIDIR LEIS AN DUAIS

Iocfar costaisí taistil mar seo a leanas: carr agus ar a mhéid ceathrar paisnéirí ó chalafort in Éirinn go calafort sa mBriotáin agus ar ais. Beidh tréimhse seachtaine le caitheamh ag ceathrar ar a mhéid sa Manoir de Kereyet idir lár na Márta agus deireadh Aibreáin. Braitheann na dátaí ar sheoladh na mbád.

Le Manoir de Kereyet

Saoire sa Manoir de Kereyet i gceartlár na Briotáine atá *Cuisle* a thairiscint dá chuid síntiúsóirí. Turas gearr ó Roscoff nó ó St Malo go baile beag Charnoet, agus beidh tú i dtír eile ar fad, tír faoi choill, tír faoi ghrian, tír faoi shuaimhneas.

Tógadh an Manoir de Kereyet sa seachtú haois déag, agus tá lorg na saor ar na gcloch eibhir agus ar an tseandair álainn ann. Tá na deiseanna nua ar fad sa Manoir freisin, agus beidh sócúlacht agus compord agat ann.

Tá rothair ar fáil, má bhualann fonn aclaíochta tú, agus bíonn *ambiance* na háite lá margaidh i Morlaix, Guingamp.

Más suim leat a Bhriotáinis a chloisteáil - agus Francis -, is é Callac maidin Dé Céadaoin an áit is fearr, agus san oíche, más dúil sa mbraon is baol, tá teach ósta *Les Fous* i bhfoisceacht trí nóiméad siúil uait.


Bí i do shíntiúsóir le *Cuisle*, agus lig fút sa Manoir de Kereyet ar feadh seachtaine.



**Win a week
for Four
in France!**

To celebrate its first birthday, Cuisle is offering a week for four in France to its subscribers.

If you haven't subscribed yet, send us £25 for the next 11 issues of Cuisle, postage included. You might be the lucky winner of our holiday - bon voyage!



CUISLE

Subscribe to Cuisle • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name

Sloinne / surname

Seoladh / address

.....

.....

.....

Teil / tel

Ríomhphost / email

Síniú / signature

.....

Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead na tíre

Wine and Slumber

Forty five minutes from Roscoff, and 90 from St Malo, the village of Carnoet nestles in the heart of Brittany. From Carnoet, it's an easy drive to Morlaix and Lorient, and to the chapels, dolmens, woods and waterways of Kreiz Breizh - le choeur de la Bretagne.

During your holiday, you'll stay at the Manoir de Kereyet, a seventeenth century home with original oakbeams, ornate granite doorways, and modern heating and comfort. Bikes are available, and from the untamed woods beyond your bedroom window, deer and foraging boar may appear.

The area is renowned for its musical heritage, and five minutes walk from the Manoir, Breton - and French - can be heard in Les Fous, the local pub.

So subscribe to *Cuisle*: we look forward to welcoming you in Le Manoir de Kerayet.

YOUR PRIZE:

Travel costs as follows: return passage of one car and four passengers maximum from an Irish port to a Breton port. A week's holiday for four people maximum at the Manoir de Kereyet between mid-March and the end of April. Actual dates depend on sailings.

CÚLA4

ó 27ú Meán Fómhair ar aghaidh

CÚLA4

na n-óg ag Meánlae ar TG4 gach lá

CÚLA4

ag 4pm ar TG4 chuile lá

Ainm nua ach tá **Hiúdaí & Sinéad** ar ais chun an clár spleodrach, craiceáilte seo ó stúidéo TG4 a chur i láthair. Beidh na cartúin is fearr leat ar ais — **Art Ó Ruairc**, **LÚLÚ** agus **SOS Crogalra** agus feicfidh tú eagrán nua **Power Rangers sa Spás**.

Má tá spéis agat i gcúrsaí scannánaíochta agus ríomhaireachta beidh gach eolas ar fáil ó **Cybernet** agus **Cluiche Scannán**.

Ar smaoinigh tú riamh conas a deintear maisíochtaí speisialta agus cleasanna iontacha eile sna mór-scannáin? Bí ag breathnú ar **SFX** agus gheobhaidh tú amach. Agus ná cail na heachtraí agus na geáitsí ar **Óró na Buachaillí**. Agus a pháistí óga — clár úr ag meán lae á chur i láthair ag **Malláí** agus a cara. Cláracha den scoth, ina measc na **Teletubbies**, **Elmo Anseo**, **Sioraif Buí** agus go leor eile.

Teen Tuirseach

13ú Meán Fómhair

9.25pm Dé Luain

Léiritheoir:

Trevor Ó Clochartaigh,

Brid Seoige

Comhlacht Léiriúcháin:

High Wire

CÉ HIAD ÓIGE na tíre? Cén saol atá acu? An bhfuil creideamh acu, ar bhruach na mílaoise? Cad is ciall le Dia, dar leo? Cén dearcadh atá acu ar chúrsaí airgid? Céard faoin bpósadh, an grá, drugaí? Cá as a tháinig siad? Cá bhfuil siad ag dul?

Tugann Teen Tuirseach seans do gheathrar déagóirí, beirt as Baile Átha Cliath, Saibhin agus Muiris, chomh maith le Brid ón gCeathrú Rua agus Donagh ó Chorcaigh a dtuairimí a



Power Rangers sa spás

nochtadh. An bhfuil siad teen tuirseach?

Gobnait TnaG

10 Meán Fómhair

Dé hAoine 8.55pm

Nuair atá ísle bhí agus droim tinn ar Ghobnait, molann an dochtúir di freastal ar ostaepat agus comhairleoir. Titeann sí i ngrá leis an ostaepat, Cian, agus titeann an comhairleoir, Rós, i ngrá léisean. An bealach is fearr le dearmad a dhéanamh ar deacrachtaí mar sin ná dul ag siopa-dóireacht le Mam.

Réim nua a bheas i bhfeidhm i saol Ghobnait ar ball – snámh, seisiún sa sauna, *massage*, agus T.M., ach fós tá sí ar tinneall mar a bhí riamh. B'fhéidir go gcuirfidh a post nua feabhas ar a saol.

Draíocht

Dé Máirt 14ú Meán Fómhair 8.25pm

Léiritheoir:

Gerry McColgan,

Comhlacht Léiriúcháin:

Crimson Films



Draíocht

An chéad scannán a stiúraigh **Aine O'Connor**. Is é **Gabriel Byrne**, mór-réalt scannán i Hollywood, a scríobh an scéal seo, agus is é atá sa phríomhpháirt. I measc na n-aisteoirí eile atá páirteach, tá **Charlotte Bradley**, **Brendan Caldwell**, **David Duffy** agus **James Murphy**.

Baineann an scéal leis an gcaidreamh idir athair agus mac in Éirinn le linn na

gcaogadaí. Tá an buachaill aon bhliain déag ag dul sna fir. Léirítear a shaol ó lá go lá i mbaile beag i gCo. Chill Dara, a chuid ceachtanna ceoil, a sheanathair agus an teannas atá idir a mháthair agus a athair, saighdiúir atá ar tí dul ar dualgas sa Chongó.

Agus an teaghlach ar lá saoire agus scléipe feicimid an saol mar a bhíonn sé i mbaile cois cuain: an rí rá agus an

nn Clár an Gheimhridh!



An Focal Scoir: "scéal álainn grá"

seanhalla damhsa, áit a bhfuil stráinséir ag iarraidh an mháthair a mhealladh.

Feicimid an buachaill óg ag tabhairt aghaidh ar an saol den chéad uair agus é ag iarraidh nithe a chur ina gceart dó féin is dá mhuintir . . .

An Focal Scoir

21ú Meán Fómhair 8.25pm

Léiritheoir:

Fabienne Servan-Schreiber

Comhlacht Léiriúcháin:

Fastnet Films

Scéal álainn faoi chailín agus buachaill seacht mbliana déag a thiteann i ngrá. As Páras do Nicholas agus is aniar do Cynthia. Cuireann siad aithne ar a chéile ar an idirlíon.

Creideann Nicholas go n-imeoidh Cynthia uaidh má fhaigheann sí amach faoin máchail chainte atá air. Déanann sé gach iarracht gan a cuid glaonna fóin a

fhreagairt. Goideann Cynthia airgead ó na tuismitheoirí, beirt nach bhfuil sí ag tarraingt rómhaith leo, agus socraíonn sí dul go Páras go bhfeice sí Nicholas.

Tá Nicholas imithe as Páras ar dhianchúrsa leis an stad cainte a leigheas. Tagann Cynthia go Páras gan choinne agus casann le deartháir Nicholas, Bertrand. Pleidhce é Bertrand, agus ligeann sé air féin gurbh é Nicholas é le Cynthia a mhealladh. Tá Cynthia trína chéile, go háirithe nuair a léann Bertrand dán a scríobh Nicholas go speisialta di, agus tugann sí na cosa léi abhaile go hÉirinn.

Carrraig an Cheoil: Na Clancy Brothers

Léiritheoir: Michael Lally

Comhlacht Léiriúcháin: Nuacht TnaG

Is é a spreag an clár faisnéise seo, scéal iontach na gClancy Brothers agus Tommy Makem, ná na hamhráin ómóis a canadh gan choinne ag uaigh Phaddy Clancy faoi Shamhain seo caite. Ag an tsochraid i gCarraig na Siúire, rinne Donal Wylde, fear ceamara le RTÉ, taifeadadh ar Liam Clancy agus é ag canadh "Will You Go Lassie Go", agus an "Parting Glass" chun slán a fhágáil le Paddy Clancy. Chas **Tommy Makem, Ronny Drew** agus **John Sheehan** ó na **The Dubliners**, agus bhí **Paddy Reilly** agus **Flinbar Furey** ag canadh ina dteannta.

Tugtar próifíl 30 nóiméad de na Clancy Brothers agus Tommy Makem agus conas a d'éirigh leo ceol na hÉireann a thabhairt ó Halla an chéilí go Halla Carnegie. Féachtar ar laethanta a n-óige i gCarraig na Siúire agus ar an am cinniúnach sin ar athraigh na

Clancy Brothers agus Tommy Makem ó bheith ag strachailt leis an saol i mBroadway go dtí an uair a thosaigh siad ag canadh bailéidí sna seascaidí.

Agallamh le bean chéile Phaddy, Mary as Maigh Eo, le Liam Clancy, agus é ag cur síos ar an gcoimhlint a d'éirigh i measc an ghrúpa agus conas a réitíodh an scéal, leis an deirfiúr Peg Power, aisteoir, agus le Tommy Makem.

I measc na bpíosaí fise ina bhfuil na Clancy Brothers agus Tommy Makem ag canadh, tá píosa ón **Ed Sullivan Show** i 1961, seó a chuir tús le réim Elvis Presley, píosa agus iad ag canadh ag an New York Lincoln Centre, píosa ó Late Show na hÉireann, píosa ó **Amharclann Ríoga Chluain Meala** mar a raibh ceolchoirm scoir acu, agus píosa a chan siad don **Uachtarán John F. Kennedy** Lá 'le Pádraig seacht mí sular feallmharafodh é.


Seán Óg Ó hAilpín — Fear an Dá Bhua

IS AS FIJI máthair Sheáin Óig, agus is i bhFiji a rugadh Seán. As Fearmanach dá athair. In aois a cheithre bliana, chuaigh Seán agus a mhuintir go dtí an Astráil, agus is ann a chónaigh sé go raibh sé aon bhliain déag.

Bhí súil ag athair Sheáin filleadh ar Éirinn, rud a rinne sé i 1988 agus a chlann leis. Go Corcaigh leo, áit a raibh cultúr, teanga agus cluichí na nGael le fáil.

Is í an iomáint is ansa le Seán Óg anois, agus bhuaigh sé craobh na hÉireann san iomáint le mionúir Chorcaigh i 1995, agus leis an bhfoireann faoi 21 i 1997 agus 1998. Seo í an chéad bhliain aige ag imirt peile leis na sinsir. Is cuimhin leis cluiche ceannais na hiomána idir Corcaigh agus Cill Chainnigh i 1983. 'Féach,' arsa an t-athair leis an mac, 'seo é an cluiche is fearr ar domhan.' An té a d'fheicfeadh Seán Óg in aghaidh Uíbh Fháilí i mbliana agus é ag iompar an tsliotair leis ón gcúl amach, déarfadh sé gur dual athar dó a dhúil san iomáint.

pic: INPHO



Aoife de Paor

COIS LAOI, tá ré nua peileadóirí agus iománaithe óga tar éis borradh mór a chur faoi na seanchluichí Gaelacha, agus is údar misnigh do lucht tacaíochta Chorcaigh go mbeidh foireann an chontae i gcluiche ceannais na hiomána agus na peile an mhí seo.

Santaíodh an caighdeán ab airde cois Laoi riamh. Christy Ring, is dia beag a bhí ann, agus Jack Lynch, taoiseach. Ó 1990 i leith áfach, tá tart ar na rebels. Sin í an bhliain ar bhain siad an dá chraobh go deireanach. Is fada a mhair an ceiliúradh i ndiaidh an double cháiliúil sin, éacht nár deineadh ó thús na n-ochtóidí nuair a bhí Uíbh Fháilí i réim. I mbliana, tá seans ag Corcaigh an beart a dhéanamh arís.

Beidh Seán Óg Ó hAilpín ag súil le dhá bheart a chur i gcrích. Tá Seán ina lánchúlaí ar fhoireann Larry Tompkins, captaen na bpeileadóirí i 1990, agus ina leath-chúlaí clé ar fhoireann iomána Jimmy Barry Murphy. Tá ainm Sheáin in airde,

ach oiread le Cú Chulainn lena linn, agus cé nach lán tsásta a bhí sé leis féin in aghaidh

Mhuigh Eo, beidh sé ag dréim leis an gcraobh ar Dhomh-nach deiridh na míosa. Beidh an saol Fódalach ag faire ar

Sheán feiceáil an

mbeidh an dá

bhua aige mar a

bhí ag Teddy

McCarthy,

fear a rug

greim i

bPáirc

a n

Chróc-

aigh ar

Chorn

Mhic

Uidhir

agus ar

Chorn Mhic

Chárthaigh

an bhliain

chéanna.

An Bua is Milse

Ní rud nua atá san imirt chrua a chuireann oiread uafáis ar na tráchtairí, arsa **Richie Byrne**, agus é ag dul siar bóithrín na smaointe.

DIA LEIS AN Domhnach fadó nuair a bhíodh an ghrian ag taitneamh, gach sloinne ar an trá tar éis an dinnéir, na páistí ag pleidhfócht sa bhfarrage, agus *wireless* lena chluais ag fear an tí ag éisteacht le Micheál Ó hEithir. Ba chuid den fhómhar é. An féar bainte, an mhóin istigh – ‘let the games begin’ mar a dúirt Caesar.

Shamhlaigh mise an pheil agus an iomáint leis an bhfómhar ar bhealaí eile. Cén fhoireann nach

raibh spealadóir nó dhó ann? Cén léim ard i lár páirce nach léim ard faoi chrann úll a bhí ann? Cén guaille tréan, daingean nach leagfadh an t-úll go talamh d’aon bhuille amháin?

Obair chrua a bhí i mbaint an fhómhair – agus i mbaint na n-úll – agus is fir chrua a bhíodh i mbun peile agus sliotair. Ní rud nua atá san imirt chrua, ná sa mbualadh agus bascadh ar an bpáirc. Shílfeá ag éisteacht le tráchtairí na linne seo

gurbh ea: ní thuigeann siad é ó thalamh an domhain. Is minic a bhíonn níos mó le rá acu faoin troid ná faoin imirt. Is mó *replays* ar an teilifís den strachailt ná den scóráil. Bíonn imní ar na saineolaithe faoi ‘chúrsaí a bheith ó smacht’, agus imní ar na fógróirí deasa, glana faoina gcuid airgid.


Fadó, agus fear tí ar an trá, is beag a bhíodh le rá ag Micheál Ó hEithir faoin dornálaíocht. Ach is beag iománaí san am sin a raibh srón dhíreach air,

agus is beag peileadóir nach bhfeicfeá mant ann dá ndéanfadh sé meangadh gáire leis na mná óga. Go deimhin, i dtús ré na teilifíse, dá mbeadh for-éigean ar an bpáirc, castaí an ceamara sa treo eile.

Nuair a tháinig an teilifís dhaite ar an saol, bhí sé níos éasca an fhuil a fheiceáil. Cuimhním ar an uair a chonaic mé Kevin Moran ag imirt agus bindealán mór dearg ar a cheann. Sin é an chéad *video nasty* a chonaic mé, agus bhí mé greamaithe don teilifís. Bhí an dúil chéanna agam ann agus a bhí agam sna húlláí blianta beaga roimhe sin. Agus ar ndóigh, nach ar an gceabhbh is airde is milse a fhásann úll? Agus an té a bhíonn ag dréim leis, ní go héasca a ligfidh sé uaidh é.



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn Teastas Náisiúnta i gCórais Eolais Oifige



Aidhm:

Freastal ar scoláirí ón Ghaeltacht agus orthu sin ón Ghalltacht a bhfuil líofacht acu i scríobh agus i labhairt na Gaeilge, agus ar riachtanais na gcomhlachtaí agus na n-eagrais sin a dhéanann gnó trí Ghaeilge.

Déantar staidéar ar ábhair agus ar scileanna rúnaíochta, riaracháin, gnó agus teicneolaíochta nua.

Deiseanna Fostaíochta:

- le heagrais mar Údarás na Gaeltachta, Bord na Gaeilge, srl.
- le comhlachtaí arb í an Ghaeilge nó an Béarla a dteanga oibre.
- mar Chúntóirí Gaeilge i meánscoileanna na Sé gCondae.

Tuilleadh Staidéir:

Tá áiteanna fágtha ar an chúrsa don bhliain 1999

Gach eolas ó: Séamus Ó Cnámhsí, Ceannaire na Scoile Staidéar Gnó,
An Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn. Fón: 074-64170

Éire – Welcome to

Who's making arms in Ireland and who are they making

Uinsíonn Mac Dubhghaill



I LÁR na míosa seo cuirfear tús leis an aonach arm is mó dá raibh riamh sa Bhreatain. 'The start of a new tradition in defence shows' a deir an mana ar shuíomh idirlín DSEi – Defence Systems and Equipment International. Eagrófar an t-aonach ar dhuganna Londain i gcomhar le Roinn Cosanta na Breataine. I measc na ndaoine a bheas i láthair ann, beidh idir státseirbhísí is spiadóirí, giollaí na ndeachtóirí ón Tríú Domhan, díoltóirí ó chomhlachtaí ar nós Vickers Specialist Engines, Nordic

Defence Industries agus Team Australia – agus dornán Éireannach ón tionscal is rúnda sa tír seo, tionscal an bháis.

Más rúnda an tionscal é fós, tá comharthaí ann nach fada eile a bheas amhlaidh. Is gearr uainn an lá go mbeidh saighdiúirí Éireannacha ag seasamh guaille ar ghuaile le páirtneirí 'síochánta' NATO; 'when we shall be all civilized/neat and clean and well advised' mar a deir an seanamhrán. D'fhógair an Rialtas an mhí seo caite go bhfuil Campa na Curáí le forbairt ina 'lárionad feabhais' don Pháirtneireacht um Shíocháin. Sa ré nua seo an gcuirfidh sé as do dhaoine gur bhronn an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 381 ceadúnas ar

chomhlachtaí éagsúla chun earraí míleata a easportáil faoin mbranda *Made in Ireland* anuraidh? Nó gur méadú faoi cheathair é sin ón 81 ceadúnas míleata a bronnadh i 1996?

'163 ceadúnas i leith earraí a chuaigh trasna na teorann'

AR AN suíomh idirlín <http://www.entemp.ie/export/statistics.htm> tá staitisticí loma na Roinne le léamh, agus an chomhairle a chuirtear ar an lucht easportála maidir leis na rialacháin a bhaineann leis an ngnó. Bhain an 381 ceadúnas míleata a eisíodh anuraidh le hearraí a cuireadh chuig os cionn 30 tír ar fud na cruinne. Tugadh amach 163



Fuelling conflict throughout the world

Uinsíonn Mac Dubhghaill

IN 1998 the Department of Enterprise, Trade and Employment granted 381 export licences for military goods – a fourfold increase from the 81 licences granted in 1996. During the same two-year period the number of dual use licences it granted (for goods with either a military or a civilian application) rose from 874 licences to 2,040.

The goods – mainly high-tech electronic components – were exported to dozens of countries, including many with poor human rights records such as Indonesia, Thailand, Brazil, Turkey, South Korea and Columbia. Other destinations, such as Singapore, the Channel Islands and the Isle of Man, are known 'clearing houses' for military equipment which is ultimately destined for repressive or embargoed regimes in Asia and elsewhere.

Despite this, the Department says its export control system "is implemented in a manner that fully meets Ireland's obligations arising from membership of the EU and other international export control fora. The promotion and protection of human rights is at the heart of Irish foreign policy and, as such, is a significant factor which is taken into account when applications are being assessed. The Department of Foreign Affairs is consulted on military

licence applications and on certain sensitive dual use licence applications."

According to Joe Murray, the co-ordinator of Afri (Action from Ireland), Ireland's links with the international arms industry have been boosted by the peace process in the North. Companies such as Boeing and General Electric – among the world's top ten arms producing companies – have travelled to the North to investigate investment opportunities in the wake of the Belfast Agreement.

"Isn't it an extraordinary irony that at a time when there was never more talk about getting rid of weapons – decommissioning, demilitarisation etc – we are at the same time getting ever more deeply involved in an industry whose impact and potential dwarfs anything that has happened on this island over the past thirty years," he told the Féile Bhríde conference in Kildare earlier in the year.

"We are being asked to secure the peace in Ireland by investing in an industry whose purpose is to fuel conflicts throughout the world. As well as sending development workers and missionaries overseas as we have done historically, we are now sending weapons and weapons' components – the means perhaps to contribute to the killing of people in East Timor, West Papua or Ogoni in Nigeria."

o the Death Industry

king them for ... ?

ceadúnas - beagnach leath an iomláin - i leith earraí a chuaigh trasna na teorann. Chuaigh 83 eile chuig an Bhreatain, agus cuirteadh 30 go Meiriceá.

Luaitear 'Singapore' le cúig cheadúnas; agus tugadh amach péire eile i leith na Inde, na Seapáine agus Chile faoi seach. Bhain trí cheadúnas leis an Afraic Theas, tír atá ag díriú ar chúrsaí míleata in athuair.

Aisteach go leor, tugadh ceadúnas amháin amach i leith earra a cuirteadh chuig Oileán Mhannain, agus ceann eile d'earra a bhí ar a bhealach chuig 'Grand Cayman'. Ceadúnas amháin a fuair muintir Khuwait, agus Marócó, an Bhraisíl, an Rúis, Óman, Peru, agus an Tuirc faoi seach.

Entrepôt nó teach stórais dá chuid comharsana is ea Singapore; lárionad trádála atá ann do leithinis Mhalay. Maidir le cuid de na ceadúnais eile, is léir nach bhfuil iontu ach seolta bréige: an é go bhfuil a harm féin ag muintir Oileán Mhannain, nó ar chóir inní a bheith ar mhuintir Bhaile Átha Cliath?

End-User?

Is í an cheist atá ann ná cá dtéann an t-earra 'déanta in Éirinn' nuair a shroicheann sé na háiteanna sin, nó cén úsáid a bhaintear as. Ceist é sin nach furasta d'éinne a fhreagairt - bord an Rialtais san áireamh.

Gné shuntasach eile den tionscal is ea líon na gceadúnas *dual use* a eisíodh le blianta beaga anuas. Ciallaíonn *dual use* ábhar is féidir a úsáid mar chuid d'fhearas míleata, nó mar chuid de ghnáthearra tionsclaíoch - ríomhaire baile, nó fearas eitleáin. Mhéadaigh líon na gceadúnas seo ó 874 ceadúnas i 1996 go 2,040 anuraidh.

Cabhraíonn an débhríochas seo leo siúd ar mhaith leo an ceangal Éireannach le tionscal na n-arm a cheilt. Go praiticiúil, áfach, éilíonn ceannairí na n-arm caighdeán



'Goidé fán díchoimisiúnú?'

déantúsaíochta i bhfad níos airde ná an gnáthchaighdeán tráchtála. Is minic a bhíonn an t-ábhar *dual use* ró-shoifisticiúil agus róchostasach don ghnáthearra tráchtála gurb ionann é agus ábhar míleata.

Liosta gan áireamh é liosta na dtíortha a luaitear leis na ceadúnais *dual use* a eisíodh anuraidh. Orthu sin tá Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice, an Rúis, an Bhulgáir, an Rómáin, an Choiré Theas, an Úcráin, an Argaintín, an Tuirc, Kuwait, Saudi Arabia, Óman, Malaysia, An Eastóin, Taiwan, Na Filipíní, Thailand, Latvia, Lithuania, Bahrain, Qatar, Kenya, Barbados, Bolivia, An Bhraisíl, Chile, Columbia, Meicsiceo, Kazakhstan, Armenia, Uzbekistan, Moldova, Mongolia, Kyrgyzstan, Turkmenistan, Singapore, Zimbabwe, Macau, Na Bahamas, Mauritius, Cameroon, Fiji, An Ivory Coast, Senegal, Tanzania agus An Indoinéis . . . agus gan ach cuid acu a lua. I gcuid mhór de na tíortha sin, bíonn cos ar bolg á imirt ag an rialtas ar an bpobal nó ar mhionlaigh sa tír. Agus tá súile an domhain ar an réimeas fuilteach san

Indoinéis ó tionóladh toghchán sa Tíomor Thoir ag deireadh na míosa seo caite.

Tuaisceart na hÉireann

THÁINIG cuid de chomhlachtaí móra Mheiriceá go hÉirinn anuraidh le páirt a ghlacadh i gcomhdháil eacnamaíoch a raibh d'aidhm aige an tsíocháin a bhuanú sa Tuaisceart. Orthu sin bhí Boeing agus General Electric, péire de na comhlachtaí arm is mó ar domhan.

Ó shin i leith tháinig fiontar amháin chun cinn i nDoire a chuirfidh ábhar ar fáil don chomhlacht Shorts i mBéal Feirste. Ní fios go fóill an dtiocfaidh Boeing nó General Electric go hÉirinn, ach má thagann siad cuirfeadh fáilte rompu.

Ní cuirfeadh an cheist bhunúsach seo, áfach: ar chóir dúinn an tsíocháin a bhuanú in Éirinn trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscal an chogaidh? Ba thragóid é dá mbeifí ag iarraidh an gunna a bhaint amach as an bpolaitíocht in Éirinn - agus é a shá isteach i lámha na marfóirí brúidiúla sa Tríú Domhan. ➤

'Tuairim 's £750,000 infheistithe ag Údarás na Gaeltachta ...'

DIÚLTAÍONN an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a rá cé hiad na comhlachtaí a dhéanann earraí míleata don mhargadh idirnáisiúnta. De réir tuarascála a d'fhoilsigh an áisínteacht fhorbartha Afri i 1996, áfach, bhí lámh ag 15 comhlacht sa tír san obair. Ar na comhlachtaí is mó atá ag plé le tionscal na n-arm in Éirinn tá:

ADTEC TEORANTA/ TIMONEY HOLDINGS

Baile Ghib, Co na Mí.

Is ann do Adtec Teo ó 1975. Is i 1995 a bunaíodh an chraobh darb ainm Timoney Holdings. Deir

AR SHUÍOMH na Roinne foilsítear liosta cuimsitheach de na hearraí ar gá ceadúnais a fháil dóibh le gur féidir iad a easportáil, de réir Ordú Aire a tugadh i 1996. Ar an liosta tá gunnaí beaga is móra, lón cogaidh, tancanna agus feithiclí míleata eile, ceimicí nimhneacha ar nós sarín agus "biological agents and radioactive materials adapted for use in war to produce casualties in men or animals, degrade equipment or damage crops or the environment". Tá liosta fada d'ábhar pléascach ann, agus déantar cur síos ar na hearraí leictreonacha agus bogearraí ríomhaireachta atá clúdaithe. Liostáiltear chomh maith eitleáin chogaidh, innil le haghaidh fomhuireán, agus longa cogaidh. Formhór mór na n-earraí míleata a déantar in Éirinn, áfach, is earraí beaga leictreonacha iad, agus ní bhíonn siad chomh feiceálach le heitleáin. Go deimhin, bíonn siad fite tuaithe le hearraí sibhialta go minic – taobh folaithe den bhorrath sa tionscal leictreonach in Éirinn nach léifidh tú faoi i bpreasráitis an IDA.

urlabhraí ó Údarás na Gaeltachta go bhfuil 'tuairim 's £0.75 milliún infheistithe acu in Adtec Teo'. Tá monarcha ar léas acu ón Údarás. Thosaigh an

**TIMONEY
TECHNOLOGY**




comhlacht seo ag déanamh APCs (armoured personnel carriers) d'arm na hÉireann thiar sna 1970í. Ó shin i leith d'fhás an comhlacht go mór agus bíonn treallamh dá chuid in úsáid ag airm éagsúla – arm na Stát Aontaithe agus arm na Beilge ina measc. Feithiclí míleata de chineálacha éagsúla is mó a déantar.

KENTREE LTD

Cill Bhreatain, Co Corcaigh.

Déantar fearas míleata agus póilínteachta sa chomhlacht seo, agus feithiclí uathoibreacha don tionscal ceimiceach agus núicléach. Tugtar ainmneacha ar nós *hobo* agus *vagabond* don raon feithiclí ciansmachta nó *remote control* atá acu, agus tá siad ar fáil in os cionn 25 tír ar fud an domhain. Ina ainneoin sin, seachnaíonn an comhlacht gach poiblíocht sa bhaile.



(Thuas:) APC de chuid an chomhlachta Timoney

(Ar dheis) monarcha Moog

MOOG (Ireland) Ltd

Rinn na Scíde, Co Chorcaigh

Fochomhlacht de chuid comhlacht mór Meiriceánach is ea Moog, agus tháinig sé go hÉirinn i 1982. Déantar raon fairsing earraí leictreonacha sa monarcha, ina measc ábhar le haghaidh leagan nua den ghunna 'L-70 Field Air Defence Mount' atá á fhorbairt ag an gcomhlacht Allied Ordnance i Singapore. Meastar go rachaidh an gunna nua chuig fórsaí armtha san Indonéis agus i Thailand.

San *International Defence Directory* a d'fhoilsigh Janes Information Group i 1994, liostáiltear Moog (Ireland) Ltd mar chomhlacht a bhfuil baint aige le



'gun stabilisation systems' agus le fearas leictreach d'fheithiclí míleata.

ANALOG DEVICES

Eastát Tionsclaíochta Ráithín, Luimneach.

Fochomhlacht eile de chuid ollchomhlacht leictreonach Meiriceánach, a bhfuil nasc aige le hOllscoil Luimní. Deirtear an méid seo ar shuíomh idirlín an mháthairchomhlachta: "Analog

Devices has been committed to serving our military and aerospace customers for three decades, and we plan to continue and enhance our support long into the future. While other suppliers have abandoned this market, we have expanded our military offerings and broadened our product portfolio to span the entire signal chain - from precision sensors, signal conditioners, and data converters to microprocessor interface solutions and digital signal processors."



U.S. STILL BIGGEST ARMS PROVIDER

WASHINGTON (AP) — The United States retains its title as the world's largest supplier of weapons, raising its total to \$7.1 billion even though demand has been slumping worldwide. Developing nations such as Saudi Arabia and Malaysia remain the biggest buyers despite the constraints of the Asian financial crisis and lower oil prices. In 1998, the United States led in new arms deals, with \$7.1 billion — up from \$5.7 billion the year before. Despite the increase, that's considerably below the \$21.5 billion in U.S. arms sales in 1993. Germany ranked second, with \$5.5 billion in new sales, and France third, with \$3 billion. The value of all new arms sales worldwide was \$23 billion, up slightly from \$21.4 billion the year before, but down from the \$37.4 in 1993.

The report said that the trend has been downward, with sales to developing nations — the biggest buyers of new arms — at \$13.2 billion in 1998, down from \$23 billion in 1993.


The Asian financial crisis and low oil prices have contributed to the decline in demand, the report said.

Competition for available arms sales continues to intensify among major weapons suppliers," wrote the report's author, Richard F. Grimmett, a national defense specialist with the research service.

The limited resources of most developing nations to expend on weapons, and the need of many selling nations to secure cash for their weapons, continues to place constraints on significant expansion of the arms trade.

Russia has seen its exports steadily declining since the end of the Cold War. In 1991, it sold \$8.2 billion in arms. In 1998, the total had declined to \$1.7 billion.

Developing nations accounted for 69.4 percent of all arms purchases from 1991 through 1998.



An Fhuinneog, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

Oscail *An Fhuinneog* agus féach isteach.

The 20th century saw German expansionism contained: will the 21st see the quelling of Serbian nationalism? And how will the relocation of the Germany parliament in Berlin affect Ireland in years to come? **Maolmhaoldhóg Ó Ruairc** and **Diarmuid Johnson** took a trip east.

Ó Bhonn go Beirlín

CEAPADH BONN cois Rhine ina phríomhchathair ar an nGearmáin tar éis an dara cogadh mór, agus lonnainn rialtas an Bundesrepublik ann. I mbliana, tá rialtas na Gearmáine ag fágáil Bhonn agus ag cur faoi i mBeirlín. Athosclaíodh an Reichstag, seanpharlaimint na Gearmáine, i dtús an tsamhraidh. Ach oiread le teacht an Euro, is cuid de dheireadh agus de thús ré atá in athlonnú seo rialtas na Gearmáine.

Beidh tionchar ag athlonnú parlai-

mint na Gearmáine ar shaol na hÉireann. Tá cathair Bheirlín níos gaire do Phrague ná do Pháras, agus nuair a ghlacfar le Poblacht na Seice agus leis an Ungáir sa gComhaontas Eorpach, beidh fócas nua ar imeachtaí an Chomhaontais: Beirlín, Prague, Budapest, déanfaidh sé sin triantán cumhachtach.

Ó chuaigh Éire isteach sa gComhaontas, is taobh istigh de thriantán eile a bhí an chumhacht san Eoraip: Bonn, Páras, an Bhrúiséal, trí chathair atá i bhfoisceacht beagán uaireanta an chloig dá chéile. B'é an seantriantán seo croí an Chomhaontais le blianta anuas, agus is in iarthar an Chomhaontais a bhí sé. In oirthear an Aontais a bheidh triantán nua Beirlín, Prague, Budapest.

Is in oirthear an Chomhaontais a chaifead an t-airgead forbartha freisin. Béal bocht a bhí sa bhfuadar chun réigiúnachais in Éirinn i dtús na bliana, ach beidh ar an tír tiomáint nó treabhadh uaidh seo amach in áit a bheith ina peata uain ag an mBrúiséal.

Aontas de dhíth

Sa bhliain 1876 dúirt Victor Hugo go raibh gá le Stáit Aontaithe na hEorpa toisc na huafáis a bhí ag titim amach sa tSeirbia.

Cheap sé go raibh náisiúntacht Eorpach agus rialtas amháin de dhíth ar an Eoraip. I gcaitheamh an chéid seo rinneadh roinnt iarrachtaí an Eoraip a aontú faoin aon rialtas amháin. Theip ar Hitler; ach d'éirigh le Stalin leath na hEorpa a smachtú. Rinneadh neamhshuim de dheacrachtaí na Seirbe.

Ní raibh an Ghearmáin féin aontaithe, gan trácht ar an Eoraip i rith an chéid seo. Ar an 9ú Samhain 1989, áfach, cuireadh deireadh leis an impireacht Shóivéideach

Lonnainn — establish, set up
 Athosclaíodh — was re-opened
 Ach oiread le — chomh maith le
 Deireadh ré — end of an era
 Tionchar — influence
 Nuair a ghlacfar le — when they are accepted
 Imeachtaí an Chomhaontais — the proceedings of the Union
 Triantán cumhachtach — a powerful triangle
 Airgead forbartha — development money
 Fuadar chun réigiúnachais — rush for regionalisation
 Tiomáint nó treabhadh — sink or swim
 Peata uain — a pet lamb
 Toisc na huafáis — because of the atrocities
 Náisiúntach Eorpach — European nationhood
 De dhíth — needed
 Smachtú — to control
 Neamhshuim — ignored
 Deacrachtaí — difficulties
 Gan trácht ar — not to mention
 Impireacht — empire
 Críochdheighilt — partition
 Cúiseanna eacnamaíocha — economic reasons
 Bonn idé-eolaíoch — idealistic basis
 Geilleagar — economy

Comhar agus cuidiú — help and cooperation
 A chur i gcrích — to implement
 Suíomh na Parlaiminte a aistriú — to change the site of the Parliament
 Tionól — teacht le chéile
 Ar foluain — hovering
 Ársa — thar a bheith sean
 Meon an ghnáthdhuine — the popular mind
 Ní furasta — ní héasca
 Cine — race
 Ciontach — guilty
 A shú — to erase
 Dlús a chur le — to speed up, accelerate
 Athmhachnamh — reconsideration, redefinition
 Ábhar aisélinge agus dóchais — a living dream, beacon of hope
 Ríocht — Reich
 A leasú — to amend
 Dea-chuimhní — fond memories
 Cinneadh — decision
 Leacht cuimhneacháin — a memorial
 Cruthúnas — proof
 Laincis — impediment
 Nimh an náisiúnachais — poison of nationalism
 A dhíothú — to annihilate

Bonn Cois Rhine

Is baile beag é Bonn, de réir na Gearmáine. Ach cuir daonra na bhfobhailte máguaird san áireamh ó Meckenheim go St Augustin, agus tá suas le 400,000 míle duine ann.

Is é an münster – ardeaglais – ceartlár an bhaile, dealbh Bheethoven os a chomhair, agus teach an phosta. Ó thuaidh de Bonn, tá cathracha móra Chologne agus Düsseldorf, Solingen, Essen, Bochum, Dortmund, agus dordán na tionsclaíochta iontu.

Láimh le Bonn ó dheas, tá na chéad fionghoirt a chasfar duit ar do bhealach ó dheas ar an Rhein i dtreo Mainz, Freiburg agus Basel. Tá na caortha finiúna flúirseach i ngleann an Ahr, tamaillín eile ó dheas, agus i Koblenz, áit a meascann uiscí an Rhein agus an Mosel ina chéile, déantar fíon a bhfuil cáil agus meas air.

Tá cáil freisin ar mhargadh Bonn. Bíonn na mangairí ann sé lá sa tseachtain ar feadh na bliana os comhair an Rathaus. A gcuid earraí curtha ar clár acu go mealltach, blasta. Iad ag fógairt in ard a gcinn ar an té a tharlaíonn an bealach. *Endives, melons*, trátaí, caortha finiúna, figeanna, ológa, *chili* dearg, *chili* glas, *asparagus*.

Bíonn feiceáil ar shléibhte an Eiffel lá breá ó bhruach an Rhein i lár an bhaile. Ceantar sceirdiúil, uaigneach atá san Eiffel, réimse tíre atá ina coigríoch idir an Bheilg agus an Ghearmáin. Is iad bailte Duren agus Aachen teora an Eiffel ó thuaidh, agus coillte agus scailpeanna Luxembourg ó dheas.



An tUasal Beethoven ag ceannacht stampaí

An Romantischer Rhein a tugadh riamh ar na huiscí idir Koblenz agus Bonn: gluaiseann an sruth go tréan ar a bealach as BodenSee na hEilvéise go dtí Rotterdam na hOllainne, na scórtha líobhrann – bargeanna – ag iompar earraí isteach go croí na mór-roinne.

Más mian leat dul ag seoladh ar an Romantischer Rhein, tabharfaidh ceann de na báid ghalánta suas anuas an abhainn tú. Is féidir dul i dtír i nDrachenfels, nó i Linz, agus cuirfidh tú eolas ar Rolandsecke, nó an Loreley, áit a gcuireadh an bhean sí na báid go tóin.

Agus an rialtas imithe go Beirlín, tá na báid fós ag seoladh, fíon á dhéanamh, agus lucht an mhargaidh ag fógairt is ag sárú. Ach tá ré órga Bhonn thart, agus an fócas ar Bheirlín arís.

nuair a thit múr Bheirlín. Cuireadh deireadh freisin gan mhoill leis an gcríochdheighilt sa Ghearmáin.



Halla na Cathrach, Bonn

B'éigean an Ghearmáin a athaontú ar chúiseanna eacnamaíocha. Ní raibh ach bonn idé-eolaíoch faoi gheilleagar an Oirthir. Bhí comhar agus cuidiú ag teastáil go géar san Iarthar. Thóg sé deich mbliana eile fós ar an nGearmáin a réabhlóid féin a chur i gcrích agus an t-athaontú a chríochnú nuair a socraíodh suíomh na Parlaiminte a aistriú ó Bhonn ar ais chuig Beirlín.

Ar an 3 Deireadh Fómhair 1990, tháinig an Pharlaimint le chéile i mBeirlín den chéad uair ó 1933. Sa Reichstag a tionóladh an seisiún stairiúil sin. Tuigeadh ón lá sin ar aghaidh go raibh deireadh leis an tréimhse i mBonn.

Tá neart taibhsí ón stair ar foluain fós san fhoirgneamh ársa sin, an Reichstag, atá láimh le geata Bhrandenburg. Tá an-tábhacht leis an gcuimhne i meon an ghnáthdhuine sa Ghearmáin. Ní furasta di dearmad a dhéanamh ar na huafáis a raibh a chine ciontach astu sa chéad seo.

Táthar ag súil go ndéanfar na cuimhní sin a shú de réir a chéile. Aithneofar go bhfuil pobal nua agus glúin nua agus meon nua i réim sa seanfhoirgneamh. Cuirfear dlús ann leis an athmhachnamh ar chinniúint na Gearmáine. Tabharfar aird freisin ar an bpáirt mhór atá le himirt fós ag an nGearmáin i dtógáil na hEorpa. Bhí an Reichstag riamh ina shiombal ar aontacht na Gearmáine nuair nach raibh aon aontacht ann. Bhí sé ina ábhar aislinge agus dóchais má bhí sé folamh féin.

Ach níl sé gan deacrachtaí fós. Tugadh an Bundestag ar an bParlaimint nuair a bhí sé suite i mBonn. Cad is ciall le Reichstag a thabhairt ar an bhfoirgneamh nua nuair nach bhfuil aon 'ríocht' ann a thuilleadh? Sin an cineál faidhbe a bhí le sárú go minic in Éirinn. An gá ainm sráide nó foirgnimh nó eile a leasú toisc nach deacuir cuimhní atá ceangailte leis an ainm?

Tá an cinneadh glactha anois ainm an Reichstag a choimeád. Tá na Gearmánaigh féin rud beag inníoch fós. Ach toisc nár thaitin sé le Hitler is féidir amharc air mar leacht cuimhneacháin: an foirgneamh a thug an cruthúnas nach gá a bheith faoi laicis ag an am atá thart. Athaontaíodh an Ghearmáin go síochánta, ach ar féidir anois fadhb na Seirbe a réiteach agus nimh an náisiúnachais a dhíothú?

CNÁMH SPAIRNE

Teachers and learners will find CNÁMH SPAIRNE a likely corner to spark off some lively classroom debate. This month Seán Ua Cearnaigh opens the door to discussion on bloodsports.



'The unspeakable in pursuit of the uneatable'

Le tamall de bhlianta anuas, tá cuid de phobal na hÉireann i ndiaidh iontú in éadan spórt na fola. Tá brúghrúpaí tagtha chun cinn ar mian leo deireadh a chur leis an gcineál sin spóirt go hiomlán, an 'Chomhairle Éireannach in Éadan Spórt Fuilteacha' mar shampla.

Is í an chúrsáil an spórt fola is conspóidí, ach ní mó ná sásta a bhíonn cuid mhaith den phobal le seilg an tsionnaigh ach oiread. Déarfadís leat gur gníomh barbartha marú a dhéanamh ar mhaithe le pléisiúr. Na feirmeoirí a mbristear a gcuid sconsaí agus a milltear a gcuid curadóireachta, ní mó ná buíoch a bhíonn siadsan ach oiread de lucht na gcapall.

Más leis na huaisle is minice a shamhlaítear seilg an tsionnaigh, ní hiad lucht an Bhéarla amháin a rinne fiach ar an mada rua anseo in Éirinn. Tá amhrán bríomhar Gaelige a dhéanann cur síos ar fhiach an mhada rua i gcontae Chorcaigh cúpla céad bliain ó shin:

'Lá breá gréine ar fiar an tsléibhe

amuigh

*Bhí móruaisle na dtrí chontae ann.
Chuireamar ár ngadhair go cruinn
le chéile*

*Agus siúd amach an mada agus
leanamar go léir é.'*

Spórt a thugtar ar fhiach an mhada rua go minic. Is rud taitneamhach é an spórt de ghnáth. Ach an díol taitnimh an mada rua á sracadh ó chéile? Má tá uaisleacht san obair seo, nach aobhinn dóibh siúd atá íseal?

Agus b'fhéidir go deimhin go raibh an ceart ag Oscar Wilde: 'The unspeakable in pursuit of the uneatable.'

Le tamall de bhlianta anuas – in recent years

Iontú – to turn

Spórt na fola – bloodsport(s)

Brúghrúpaí – pressure groups

Deireadh a chur le – to put an end to

An chúrsáil – coursing


Conspóideach (is conspóidí) – controversial

Seilg an tsionnaigh – fiach an mhada rua

Gníomh barbartha – a barbarous deed

Marú a dhéanamh – to kill

Ar mhaithe le pléisiúr – for the sake of pleasure



Lá Breit

MALLACHT
CHROMAILL ORTÍ

Maireann an nath inniu. Rugadh Oliver Cromwell i 1599 é, ceithre chéad bliain ó shin, agus is iomaí rud á scríobhadh faoi i mbliana.

Dar le daonlathaigh sa mBreatain Mhór, is laoch a bhí sa gCromallach a chuir deireadh le hansmacht an rí. Chreid sé gur féidir le cách Dia a aimsiú gan idirghabháil na cléire, agus bhí drochmheas aige ar shaoltacht agus ar pholaitíocht na heaglaise. Is poblachtánach a bhí in Oliver Cromwell, agus bhí sé ar dhuine de na chéad Phoblachtánaigh a leag cois ar fhód na hÉireann. Tháinig sé go hÉirinn le lucht tacaíochta an rí a cheansú, dream raibh idir Ghaeil agus Shasanaigh ina measc.

Ní deacair a shamhlú cén fáth ar thug Cromall aghaidh ar Dhroichead Átha



Cromwell – an chéad phoblachtánach in Éirinn?

Sconsaí – fences

Curadóireacht – sowing of crops

Buíoch – grateful

Lucht na gcapall – the riders

Samhlú le (samhlaítear le) – associated with

Bríomhar – lively

Ar fiar an tsléibhe – on the curve of the hill

Ár ngadhair – our dogs

Díol taitnimh – a cause for enjoyment

Uaisleacht – nobility

Íseal – common, low

Go deimhin – indeed

The Chromaill

domh luath agus a bhí a arm faoi réir le gearmann Bhaile Átha Cliath a fháil ar an scalafort agus an bealach go Baile Átha Cliath a ghabháil. Rud eile, bhí Droichead Átha láimh leis an tuaisceart áit a raibh quintir Uí Néill ag faire.

Thuig na comhghuaillithe an tábhacht tritéiseach a bhí ag baint le Droichead Átha, agus bheartaigh siad gan ghéilleadh lo Chromaill. Níor thuig siad áfach an neart agus an pléascadh a bhí i ngunnaí móra na roundheads: is gearr gur bearnaíodh ballaí na cathrach, agus ar an 2ú Meán 1649 fómhair isteach le saighdiúirí Chromaill de uathar.

Ní haon inseacht amháin atá ar eachtraí Dhroichead Átha an lá sin. Dúirt Íosánach amháin mar shampla: 'Nuair a ghabh na seiricigh an chathair, dóirteadh fuil na Caitliceachgan aon trócaire a thaispeáint dóibh, sna sráideanna, sna tithe, sna páirceanna'. Tuairiscítear gur dhúirt Cromall: 'Táim den bharúil gurbh é seo toil Dé ar na hainiseoirí barbartha'.

Sa leabhar nua *Cromwell: An Honourable Enemy*, déanann Tom Reilly athbhreithniú ar an dearcadh traidisiúnta gur slad gan trócaire a imríodh ar lucht na cathrach ann. Contemporary writers knew well that there was no indiscriminate slaughter of the civilian population,' arsa Reilly (lch 82). Meabhraíonn sé dúinn sa leabhar gur i 1663 a foilsíodh cuntas Thomas Wood faoi eachtraí Dhroichead Átha, 'the most controversial account that has come down to us'. Arsa Tom Reilly: 'The farcical detail contained in the words of Anthony Wood is the only evidence that will convict Cromwell of his indiscriminate genocide at Drogheda.

Sa leabhar 'The British Republic 1649-1660', cuireann Ronald Hutton béim ar imeachtaí eile: 'In 1575 the future naval hero, sir Francis Drake, called at Rathlin Island to which the Macdonnells had sent their women and children for safety. He killed all of them. The Catholic uprising of 1641 began with the greatest massacre of civilians recorded in the history of the British Isles. In 1647 the Protestant Gaelic chief Muireadhach Ó Brien broke into Cashel and inflicted the same sort of atrocity on it.'

Pé scéal, rugadh Oliver Cromwell 400 bliain ó shin, agus bhí sé i nDroichead Átha ar an 2ú Meán Fómhair caoga bliain ina dhiaidh sin. Agus is beag duine nach ndéarfadh gurbh fhearr muna dtagadh sé go hÉirinn riamh.

SCIORRADH PINN




Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

Rotha Mór an tSaoil

Micí Mac Gabhann

Cló Iar-Chonnachta



MAIDIN LÁ THAR NA MHARACH d'fhág mé Dawson City agus d'imigh mé liom ag tarraingt ar áit a dtugadh siad Klondike Creek air. Is ionann 'creek' acusan agus 'abhainn bheag' nó 'sruthán' againne agus ba é sin an t-ainm a bhí acu ar an chuid uachtarach d'abhainn Klondike – abhainn atá ag rith anoir go mbuaileann sí leis an Yukon idir Dawson agus Klondike City. Shiúil mé soir cupla míle thar Chnoc Dawson go dtáinig mé fhad le droichead adhmaid a bhí trasna ar an Klondike. Ar aghaidh liom ansin cúig mhíle agus fiche ar fad go dtí All Gold Creek agus

d'éirigh liom an turas sin a dhéanamh roimh an oíche an lá sin. Bhíthe ar ag baint an óir ansin agus dúirt mé liom féin, mura mbeadh an donas ar fad i ndán domh, go mbeinn sábháilte go leor ó seo amach.

Bhí obair mhór ag dul ar aghaidh sa ghleann seo agus bhí a shliocht air. Bhí carnáin mhóra gairbhéil agus créafóige le feiceáil fad amhaire do shúl uait, fir anois is arís ag teacht amach as poill sa talamh mar bheadh coiníní ann, toit ag éirí as cuid de na poill agus scamall deataigh ar fud na háite uilig. Bhí na 'claims' ag reachtáil amach ar bhruacha na habhna fhad leis na cnoic agus giota achan duine marcáilte le stácaí adhmaid a chuirí ina seasamh sna ceithre coirnéil. Bhí dhá chéad go leith troigh ar fad agus an méid céanna ar leithead idir na stácaí sin. Chaithfeadh achan duine, ar ndóigh, glacadh le cibé píosa talaimh a bheadh fágtha nuair a bhainfeadh sé an áit amach. Cha bheadh cead aige níos mó ná 'claim' amháin a bheith aige agus dá bhfágadh sé sin, d'fhéadfadh fear eile a theacht ina áit. Ba iad na 'claims' a bhíodh síos an abhainn ón áit a bhfuarthas an t-ór ab fhearr agus go mbífearr an seans a bheadh ag duine ór a fháil síos ón 'discovery claimí ná taobh thuas de.

Maidin lá thar na mhárach – the next morning;

Ag tarraingt ar áit – ag déanamh ar áit;

uachtarach – upper;

ag rith anoir – flowing from the east;

droichead adhmaid – a wooden bridge;

d'éirigh liom – I managed to, I succeeded;

Bhíthe ar ag baint an óir – Gold is mined;

an donas – an drochrud;

bhí a shliocht air – it was bearing fruit;

carnáin – mounds;

fad amhaire do shúl uait – as far as the eye could see;

toit – deatach;

ag reachtáil amach – spreading out;

stácaí adhmaid – wooden stakes;

ón áit a bhfuarthas an t-ór – from where the gold was discovered;

taobh thuas – above.

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

Bean an tSeanduine

Uaireanta bíonn níos mó ná duine amháin ag caint in amhrán, nó bíonn níos mó ná pearsa amháin i gceist i scéal an amhráin. Is fusa amhráin áirithe a thuiscint ach an méid sin a chur san áireamh. Ach go minic ní léir cén pearsa atá i gceist, rud a dhéanann cíorthuathail de scéal an amhráin. San amhrán Bean an tSeanduine tá triúr i gceist: tráchttaire ag caint leis an mbean óg i dtús an amhráin agus comhrá idir an bhean óg agus an seanfhear a bhfuil sí pósta aige.

1

An Tráchttaire :

Ó 's ag teacht aniar ó Bhalla dhom dhá mhíle amach ón gClár,
Cé casadh orm ach cailín deas agus í ar a diallait ard,
"An tusa bean an tseanduine?"

An Bhean Óg :

"Ó, is mé, mo chreach is mo chrá
Is dá mbeinnse bliain 'mo chónaí leis ní thabharfainn dhósan grá!"

2

An Bhean Óg :

"Ó, brón ar mo mhuintir a phós mé chomh hóg
Ó, phós siad leis an seanduine mé mar gheall ar chúpla bó,
Míle b'fherr liom agam an buachaillín deas óg,
A thiocfadh isteach ar maidin 's a bhéarfadh dhomsa póg!"

3

An Seanfhear:

"Nach deas an fear i mbaile mé? Níl dúil agam san ól.
Tá béas níos fearr ná sin agam a bhréagfadh cailín óg,
Shaothróinn arán 'gus fataí di, cruinneacht is eorna mhór.
Ó 's a Dhia nárbh fhearr dhuit agat mé ná réic de bhuaichill óg."

4

An Bhean Óg :

"Míle b'fherr liom agam an buachaillín deas óg,
Nach ligfeadh chuig an Aifreann mé 'gus bairbín ar mo bhróig,
A bhéarfadh chuig teach a' leanna mé 'gus a d'ólfadh a ghiní óir,
'S nach mbeadh sé chomh maith leat, a sheanduine, nuair a bheadh na páistí mór."

5

An Seanfhear :

"Más cailín den tsaghas sin thú 's go bhfuil dúil agat san ól,
Is gearr a mhairfeas airgead dhuit ná do shealbháinín bó,
Ach iarraim ar Dhia 's ar Mhuire mura mairfínn beo ach bliain,
Go bhfeicfead ag iarraidh déirce thú 's do mhála ar do dhroim!"

6

An Bhean Óg :

"B'fherr liom ag iarraidh déirce 's mo mhála ar mo dhroim,
Ná do leithéide de sheanduine a bheith sa mbaile agam tinn,
Mar shílfínn mura ndéantá ach casacht nach mairfeá an oíche beo
Agus lig de do chuid chlamhsáin feasta liom, a ghiolla an chársáin mhóir!"

* * *

Chuala mé an t-amhrán seo an chéad uair ag Éamon Ó Donnachadha as Baile Átha Cliath. Tá sé ráite aige ar Seachrán Sí (Cló Iar-Chonnachta CICD 135). Tá sé i gcló in 'Amhráin Mhuighe Seola' (Éibhlín Bean Mhic Choisdealbha) áit a bhfuil an méid seo scríofa faoi:

"This air is an inferior version of Máire Ní Ghríobhtha . . . It was sung to me by Mrs. Hession, Belclare, Tuam. I got some of the words from Mrs. McDermot, Doogra, Tuam."

Tá tagairt dó freisin san innéacs 'Clár Amhrán an Achreídh' (Proinnsias Ní Dhorchaí). Innéacs é seo ar chuid de na hamhráin atá i mbailiúcháin na Roinne Béaloideas. De réir 'Clár Amhrán an Achreídh' bhailigh Seán Ó Flannagáin leagan dhátheangach de i 1938 ó fhear darb ainm Séamas Mac Lochlainn, 77 mbliana d'aois, i gCuartúr, Cillíní Díoma, i mBarúntacht Locha Riach. Bhain mé an-spraoi as an líne seo a leanas atá sa leagan dhátheangach seo:

"Some advised me to drown him and more to grind him in a mill. . . ."

. . . Tá cúrsaí cleamhnais agus spré sa scéal. Tá spraoi na hóige versus ciall an tseanduine ann. Agus, b'fhéidir fiú amháin go bhfuil rud beag den mhíshásamh versus sásamh gnéis ann freisin! Maidir leis seo, cuir véarsa 3 i gcomparáid leis an véarsa seo ón amhrán Ultach 'An Bhanaltra':

*Is deas an fear i mbaile mé níl dúil agam i míghreann.
Is deas an fear i mbaile mé níl dúil agam i síorchaint.
Nuair a théas fir a' bhaile amach, ag amharc fán a ndíobháil,
Pillimse ar an bhanaltra 'gus bogaim díthe 'n cliabhán!*


Mim!

Coláistí na gCosa Lofa

Cuireadh dalta abhaile ó cheann de chúrsaí Choláistí na gCosa Lofa i rith an tsamhraidh. Reachtálann Coláistí na gCosa Lofa cúrsaí do dhéagóirí gach bliain.

Is fada daltaí á mbriseadh as na Coláistí mar gheall ar An Riail. Deir An Riail nach ceadmhach don dalta a c(h)uid stocaí a athrú ar feadh na dtrí seachtainí a mbíonn an cúrsa ann. Maíonn Coláistí gur mithid cloí go righin le Riail na Stocaí má tá cuspóirí na gColáistí le cur i gcrích.


Chuir *Cuisle* ceist ar urlabhraí Choláistí na gCosa Lofa, An tUas. L.S. Mac Giolla Boinn, cé na cuspóirí iad féin. "Tugann na cúrsaí léargas do na daltaí ar cultúr (sic) na háite. Bíonn buanchuimhne acu ar shuibhreas an dúchais tar éis freastal ar cúrsa (sic) linne," ar sé. "Seachas airgead a thuilleamh, is cuspóir don dúchas a mhúineadh do na daltaí. Cuid díobh, athraíonn siad a gcuid stocaí gach lá den bhliain. Anseo i gColáistí na gCosa Lofa, meabhraíonn Riail na Stocaí dóibh gur le dua agus le hallas a bhuanófar an dúchas."



Dúirt an cailín a cuireadh abhaile nach gcaithfidh sí péire stocaí go brách arís. Ní mó ná sásta a bhí a muintir: 'coercion and obligation will only make a child change socks more often,' ar siad.



Institiúid Teangeolaíochta Éireann



Gheofar cuntas mion sa leabhar seo ar thaighde, ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge sa bhunscoil, maraon le cur síos ar thaighde a rinneadh in ITÉ le deich mbliana anuas sa réimse sin.

HARRIS John & MURTAGH Lelia
Teaching and learning Irish in primary school: a review of research and development
 €8.00

Ar fáil ó
 Rannóg na bhFoilseachán
 ITÉ,
 31 Plás Mhic Liam,
 Baile Átha Cliath 2
 Fón: 01-6765489
 Facs: 01-6610004
 Ríomhphost: ite@ite.ie

Tá bunreacht Mheiriceá fós ina eiseamlár do chuid mhór den domhan. Scríobhadh an bunreacht "in order to form a more perfect union..." idir na ballstáit. Bhí imní ann go forleathan go gcuirfeadh an bunreacht nua isteach ar na stáit ar leith. Seachas comhaontú, más ea, tá comhréiteach suntasach le brath ar *Old Glory*. Léigh Des Johnson an bunreacht agus leasú á bheartú faoi láthair.

Ó na Bronx



NUAIR A SCRÍOBHADH bunreacht Mheiriceá, bhí go leor daoine buartha faoi sna cóilín-teachtaí. Trí chinn déag de chóilín-teachtaí a bhí ann 's iad neamhspleách óna chéile. Le bunús fadtéarmach a chur faoin gcomhaontú in aghaidh Shasana, bunaíodh córas fiodarálach, agus b'éigean do na ballstáit géilleadh d'éileamh a chéile. Ní gan laigeachtaí atá cúrsaí bunreacht a ó shin.

Facthas ceann de na laigeachtaí go soiléir le déanaí. Agus an toghchánáíocht ag bioradh, bheartaigh Teach na nIonadaithe leasú bunreacht a lánseáil. Masla don mbrat a sheachaint, sin atá i gceist leis an leasú, agus cosc a chur le dó an bhrait mar agóid pholaitiúil. De réir chinneadh an Tí, ní bheidh faoi scóp na dlí ach píosáí éadaigh dronuilleacha a mbeidh an dath ceart ar na *stars and stripes* orthu. Is cuma faoi phictiúirí an bhrait ar léinte nó ar chupáin. Agus is cuma faoi charabhait, chiarsúir, nó fobhríste a bhfuil dearadh an bhrait orthu. Tig leat tae a dhoirteadh ar do charabhat, do chupán a chaitheamh leis an mballa, nó do rogha rud a dhéanamh led' chiarsúir nó led' fhobhríste - an carr a ghlanadh leo, cuir i gcás. Ach má dhóinn tú *Old Glory* cuirfeadh an dlí ort - má éiríonn le rún an leasaithe.

Ach níl sa rún ach cur i gcéill polaitiúil, mar ní dócha go n-aontóidh an Seanad leis. Agus fiú má aontaíonn, ní dócha go rithfeadh an leasú roimh an toghchán faoi Shamhain 2000. Mar is deacair an bunreacht a leasú. Ní le reifreann a réitítear an scéal. Is faoi na Comhthionóil Bhunreacht sna Stáit ar leith a fágтар é. Rithearth an leasú má aontaíonn dhá dtrian des na Comhthionóil leis. Fós féin, níl iachall ar na Chomhthionóil teora

go Brooklyn

ama a chur leis an bplé. Mar shampla, naoi mí a thóg sé leis an mbunreacht féin a rith i 1788. An bhliain dar gcionn, chuir an Congress dosaen moladh um leasú faoi bhráid na Stát.



Dhá bhliain ina dhiaidh sin, i 1791, glacadh le deich gcinn des na leasaithe - Bille na gCeart a tugtar orthu orthu. Más tréimhse fada naoi mí nó dhá bhliain, féach nár glacadh le ceann eile den dosaen moladh céanna ach i 1992, 201 bliain tar éis a mholta. Sin é an leasú is déanaí a ritheadh. Ón am a ritheadh Bille na gCeart mar sin, le dhá chéad bhliain agus tuilleadh, níor ghlacadh ach le 17 leasú eile.

Tá seasmhacht ar leith ag an mbunreacht fiodarálach, mar sin. Tá cuid de go hiontach oiriúnach go fóill, ach is minic coda de á n-athbhreithniú de réir mar a chasann rothaí an tsaoil. Tá saoirse na cainte cosnaithe go daingean sa bhunreacht, mar shampla.

Ach cén bhrí nó réimse atá leis an tsaoirse sin i ré seo na sceimhlitheoirí leictreonacha?

Tá sé sin ina dhíospóireacht bhríomhar. In ionad an bunreacht a leasú 's a shoiléiríú mar ba chirt

áfach, fágтар leithéid na ceiste san faoin gCúirt Uachtarach. Naonar giúistéisí atá sa gCúirt Uachtarach. Ní toghtar iad. Ainmníonn an t-uachtarán iad ó am go chéile, agus is ar feadh a saol a ceaptar iad. Ar ndóigh, is le toil an tSeanaid a ceaptar na giúistéisí, ach is annamh a diúltaítear d'ainmniú. Nuair a diúltaítear, is ar bhunús polaitiúil a deintear amhlaidh, 's ní le toil an phobail.

Nuair a phléann an Chúirt Uachtarach ceist i leith an bhunreacht, is éard a fhiafraítear i ndáiríre céard a cheapadh na Founding Fathers faoin gceist. Ginmhilleadh, pionós an bháis, saoirse na stát i gcomparáid leis an Aontas - is iad na giúistéisí a réitíonn ceisteanna móra mar san. Agus tig leo teacht ar mhalairt aigne ó ré go ré, de réir chlaonta na mball nua.

Chomh maith leis an tseasmhacht, tá fadálacht ag baint le leasú an bhunreacht mar sin. Tugann san an-chumhacht don gCúirt Uachtarach. Ina theannta san, tugann sé cumhacht ar leith dos na huachtaráin a bhfuil seans acu folúntaisí san gCúirt a líonadh. Mairfidh tionchar George Bush, mar shampla, fad is a mhaireann Clarence Thomas. Nuair a ceapadh eisean ina ghiúistéis, i 1991, ní raibh sé ach 43 bliain d'aois. I gcomparáid le a lán giúistéisí a chuaigh roimhe, d'fhéadfadh sé a bheith ar an gCúirt go dtí 2030 nó ina dhiaidh. Is bac ar an ndaonlathas atá sa mhéid seo, agus is cuid é de chostas an chomhréitigh ar a bhfuil Stáit Aontaithe Mheiriceá bunaithe.

AN CHLÓID

Do AN CHLÓID, ailt chomparach leis tús na dá tuismitheoir agus don pháiste. Tarrainn suas do chathair. Fáilte isteach!



Ar ais ar scoil!

Is your child going to school for the first time? What new books do the older kids need? Must the schoolbag be quite so heavy? And hurry up, where did you leave your shoes? Summer's over and it's all go . . .

SLÁN LEIS AN SAMHRADH BUÍ – más buí a bhí sé – seo linn ar ais ar scoil. Fuadar faoi pháistí agus tuistí, bróga nua, cailc, ceapairí, agus mo léan géar, mochéirí tar éis na saoire. Ní bhíonn an tráth seo bliana gan bhrú agus strus, go mórmór má tá do pháiste ag dul ar scoil don chéad uair. Is lá an-mhór a bhíonn sa gcéad lá scoile, lá a mbíonn cumha agus gliondar ag baint leis, trúthán agus tuirse.

Tig leat go leor a dhéanamh le do pháiste a chur ar a shuaimhneas i dtús na scoilbhliana. Ní mór labhairt leis an múinteoir. Cén t-ainm atá uirthi? Ba cheart go bhfeicfeadh an páiste go bhfuil spéis ag Mamá 's Dadaí i gcúrsaí na scoile. Spraí agus súgradh is ceart a bheith sa scolaíocht. Más in é a cheapann an páiste, tá leat. Fáilte a bheith ar scoil roimh an bpáiste, agus cead aige lán na súl a bhaint as na hiontais nua ar fad atá ina thimpeall.

Spraí agus sult: pé rud a bhaineann do pháiste

as tús na bliana, bí cinnte gur ualach mór atá i gcostas na scoile do thuismitheoirí go leor. Ach tá Aontas na dTuismitheoirí an-ghníomhach sa lá atá inniu ann, agus ba cheart scéim iasacht na leabhar a bheith i bhfeidhm i ngach scoil. Obair í seo is féidir le hAontas na dTuismitheoirí a chur i gcrích, agus is faoiseamh don phóca atá ann.

Tá ualach eile seachas ualach an chostais is ceart a sheachaint i dtús na scoilbhliana agus uaidh sin amach más féidir. Sin é ualach na leabhar. Is scannal atá ann agus ní sláintiúil an rud é cloch-meáchain a bheith anuas ar ghuallí óga lá i ndiaidh lae. Tá réiteach fíorshimplí ar an bhfadhb, ach ní mór don mhúinteoir a bheith eagraithe: ná ligtear do na páistí leabhra a thabhairt abhaile ach na leabhra a theastáirinn leis an obair baile a dhéanamh. Ní ceart gur ualach don pháiste an léann.



Rua, Nua and Máirín live cosily in An Chlúid. Tomorrow is Rua's birthday, and Nua is eager to know his age. But counting the years isn't as easy as it seems: can you tell how old Rua is?

Lá Breithe Rua

'Amárach lá breithe Rua,' arsa Nua, lá sa bhfómhar agus páistí an Bhaile Mhóir ar ais ar scoil.

Bhí Máirín ag déanamh cáca sméara dubha, naprún gorm uirthi, agus snaidhm ina cuid gruaige. Chuir sí mias lán sméara ar an meá.

'Sílím go bhfuil mo dhóthain agam,' ar sí.

Ní raibh spéis ag Nua i ndéanamh an cháca.

'Cén aois é Rua anois?' ar sé.

Ní raibh aird ag Máirín air.

'A Mháirín, cén aois é Rua?'

D'oscail Máirín máilín plúir, agus chuir sí cuma na smaointe uirthi féin.

'Tá Rua sách sean,' ar sí, 'ní raibh sé in ann fanacht sa sú mar ní raibh fiacla aige le feoil a ithe,' arsa sí.

Líon sí amach trí spúnóg plúir. Suas le Nua ar an mbord.

'Meastú an bhfuil sé trí chéad tríocha trí?'

'Seachain!' arsa Máirín, agus rug sí ar an mias.

'Ná bíodh seafóid ort, a Nua.'

Bholaigh Nua de na sméara dubha.

'Abair liom mar sin cén aois é.'

'Caithfidh tú ceist a chur air féin,' arsa Máirín.

Amach le Nua. Bhí hata agus cóta Rua crochta sa halla, agus Rua ina shuí sa bpóirse, a dhrioball casta faoi. Bhí a chuid spéaclóirí ar bharr a chinn agus é leath ina chodladh.

'A Rua!'

Níor lig Rua tada air.

'A Rua!' arsa Nua, 'an bhfuil tusa sean?'

D'oscail Rua leathshúil go leisciúil.

'Hmm?'

'An bhfuil tusa sean?'

'Sean?'

'Sea.'

'Is dóigh go bhfuil.'

'Amárach do lá breithe, nach ea?'

'Is ea.'



'Dúirt Máirín go bhfuil tú trí chéad tríocha trí.'

'Dúirt muis.'

'Cén aois mar sin tú, a Rua?'

Dhún Rua a shúil arís.

'D'fhág mise an Afraic nuair a bhí mé i mo choileán beag leoin. Agus d'fhás mo chuid fiacla ar feadh deich mbliana. Agus bhí siad mór, láidir, géar ar feadh deich mbliana. Agus bhí siad deich mbliana á gcaitheamh agam. Agus tá sé deich mbliana anois ó d'ith mé feoil.'

D'oscail Rua an dá shúil agus d'fhéach sé go grinn ar Nua.

'Agus cé mhéad bliain é sin, a Nua?'

'Sin an t-uafás,' ar Nua, agus a shúile féin ar leathadh.

Rinne Rua gáire na seanleon mantach. Chuir sé na spéaclóirí anuas ar a shrón.

'Cuir ceist ar Mháirín cé mhéad bliain é féin.'

Bhí Nua ar a bhealach ar ais chuig an gcisteannach nuair a bualadh ding dong ar an doras. D'oscail Máirín doras na Clúide.

'Dia daoibh,' arsa fear an phoist de ghlór breá aerach, 'seo beart do Rua.'

'Go raibh míle maith agat,' arsa Máirín.

Bhailigh Rua, Nua agus Máirín timpeall ar an mbeart sa gClúid.

'Oscail é, oscail é!' arsa Nua agus é ar bís.

'Déan,' arsa Máirín.

D'oscail Rua an beart. Céard a bheadh ann ach leabhar crosfhocla.

'Leabhar crosfhocla!' arsa Rua, Nua agus Máirín in éineacht.

'Oscail an cárta,' arsa Máirín.

D'oscail Rua an cárta go mall. Ghlan sé a scornach, agus léigh sé amach é:

'Lá breithe sona, a Rua. Ó na leoin ar fad sa sú.'

'Go hálainn!' arsa Máirín.

'Chuimhnigh mo sheanchairde orm,' arsa Rua agus tocht air.

Bhí Nua ag bolú den aer.

'Tá boladh dó sa gcisteannach!' ar sé.

'Ó, a Thiarna, mo cháca,' arsa Máirín, 'tá an t-oighean ró-the!'

Agus amach léi de rite reait.

Bhí Rua ag scrúdú a leabhair, agus cuma na smaointe ar Nua.

'Deich agus deich agus deich agus deich: sin ceathracha, nach ea, a Rua?' arsa Nua.

'Nach tusa an caitín beag cliste!' arsa Rua.

'Caithfidh mé é a rá le Máirín,' arsa Nua, 'deich agus deich agus deich agus deich'


DJ.

(Ar lean an mhí seo chugainn)



5 t-léine le buachaint!

'Seo ceann de na crosfhocla a bhí i mo leabhar nua, pháistí. Cuirfidh mé t-léine Cuisle chugaibh má chuireann sibh an crosfhocal chugam agus é déanta'



An Chlúid, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe


Trasna

- 1 Rinne Máirín (4)
- 2 Lán trí spúnóg (4)
- 4 Oscail é (5)

Síos

- 2 Is é Rua (4)
- 4 . . . , Nua agus Máirín (3)
- 8 Óg nó sean (4)





Níor chuir TnaG riamh
aon teora lena mianta...
Leagamar béim ón tús
ar chláracha den scoth...
Seo chugainn anois
an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid
Revolution Evolution

TG4

Súil Eile

<http://www.tg4.ie>